

Doiciméad Eolais agus Coimre don
Athbhreithniú ar Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh
na Sraithe Sóisearaí

Clár Ábhair

1. Intreoir	4
2. Cúlra	5
Siollabas d'Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh na Sraithe Sóisearaí	5
Scrúdú an Teastais Shóisearaigh	7
An Siollabas Athchothromaithe	8
Ealaín na hArdteistiméireachta	11
Ealaín i gCuraclam na Bunscoile	14
Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige	18
ATF agus an Ealaín	20
3. Forbairtí eile a théann i gcion ar an tsonraíocht nua	23
Cairt na nEalaíon san Oideachas	23
Gearrchúrsa Taibhiú Ealaíne	25
Punanna	27
Grafaic Dheartha agus Chumarsáide	29
An Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt Inbhuanaithe	31
4. Guth an Scoláire	33
5. Sonraíocht na hEalaíne sa tsraith shóisearach nua	36
6. Coimre don Athbhreithniú ar Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh na Sraithe Sóisearaí	38
7. An tAthbhreithniú Idirnáisiúnta: Achoimre	41
8. Ceisteanna le haghaidh Comhairliúcháin	43
Aguisín 1	44
Leabharliosta	67

1. Intreoir

Tabharfar isteach mar chuid den tsraith nua shóisearach sonraíocht ábhair leasaithe in Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh do scoláirí a bheidh ag tosú na sraithe sóisearaí i Meán Fómhair 2017. Foilseofar an tsonraíocht i bhFómhar na bliana 2016. Tugann an doiciméad seo eolas ar fhorbairt na sonraíochta in Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh na Sraithe Sóisearaí. Cuirtear i láthair ann forbheathnú achomair ar bhunú Ealaíon, Ceardaíocht, Dearadh mar ábhar scoile agus na forais a ba bhun le tabhairt isteach shiollabas reatha na Sraithe Sóisearaí in 1989.

Iniúchtar sa doiciméad bunú agus forbairt bhreise Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh mar ábhar, chomh maith le taithí na scoláirí ar Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh na Sraithe Sóisearaí. Pléitear na cuspóirí le hoideachas in ealaín don 21^ú céad, agus ina dteannta sin pléitear forbairtí reatha i gcuraclaim ealaíne i dtíortha eile. Cuid eile den doiciméad seo freisin is ea torthaí na rannpháirtíochta le scoláirí maidir lena n-eispéiris foghlama in Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh agus a dtuairimí ar chúrsa nua ón tionscnamh, Guth an Scoláire. Ar deireadh, leagtar amach sa doiciméad seo coimre mholta le haghaidh fhorbairt na sonraíochta nua in Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh na Sraithe Sóisearaí.

In Aguisín 1, tugtar ábhar a bhaineann le curaclaim ealaíne i dtíortha eile, a thugann comhthéacs trínar féidir forbairt na sonraíochta a mheas.

2. Cúlra

Sna blianta roimh 1989 is thart ar shiollabas Ealaíne na Meánteistiméireachta go príomha a bhí oideachas ealaíon bunaithe agus dá réir sin bhí sé ag teacht go dlúth le struchtúr an tsiollabais in Ealaín na hArdteistiméireachta.

Liostaíodh sa Mheánteistiméireacht réimsí an-leathana, ina n-áireofaí "...obair mhacasamhlach, ceapadóireacht shamhlaíoch, dearadh agus ceardaíocht, agus tuiscint don ealaín." (ROE, 1983, l.132)

Leagadh amach é mar chúrsa staidéir trí bliana agus is é a bhíodh i gceist sa tsraith dheireanach de scrúduithe ceann cúrsa cúig pháipéar as a roghnaíodh scoláirí trí cinn.

Is iad na roghanna a bhíodh ann:


1. Ceapadóireacht Shamhlaíoch
2. Dearadh nó Ceardaíocht
3. Ábhar Neamhbheo nó Sceitseáil ón mBeo

Siollabas d'Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh na Sraithe Sóisearaí

Tugadh isteach Siollabas d'Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh na Sraithe Sóisearaí in 1989 agus bhí an chéad scrúdú ann in 1992. Thug sé isteach cur chuige praiticiúil agus teagmhálach ón bhfíorshaol a scar amach óna réamhtheachtaí é. Ba gheall é sin freisin le briseadh ar shiúl ón ailíniú roimhe sin a bhí le hEalaín na hArdteistiméireachta agus sa mhéid is nach ann do shiollabas athbhreithnithe Ardteistiméireachta, tharla cineál de neamhleanúnachas san eispéireas oideachas ealaíne ag scoláirí idir an tsraith shóisearach agus shinsearach. Is féidir gur cabhair éigin chun aghaidh a thabhairt air sin na moltaí a rinneadh le deireanas i leith socruithe measúnaithe na hArdteistiméireachta.

Is é atá i Siollabas d'Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh na Sraithe Sóisearaí croíshiollabas praiticiúil ina ndéantar "Líníocht, Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh déthoiseach: Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh tríthoiseach, le Staidéar Tacaíochta, [agus] méadaítear air trí réimse fairsing roghanna." (ROE, 1989, l. 2). Is féidir breathnú air sin sa léaráid thíos.

- **Líníocht:** is bunscil í seo a úsáidtear laistigh de gach disciplín. Ní hé go díreach go mbíonn taithí ag scoláire ar an líníocht ach foghlaimíonn sé freisin lena húsáid chun breathnú, anailís agus taifead a dhéanamh.
- **Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh Déthoiseach:** baineann sé seo leis an scoláire a bheith ag fóru a smaointe trí phéintéireacht, déanamh priontaí, grianghrafadóireacht bhunúsach agus dearadh grafach. Tríd seo faigheann scoláire taithí ar íomhánna a dhéanamh, a láimhseáil agus a fhorbairt agus ina theannta sin foghlaimíonn siad chun litreoireacht a fhorbairt agus é sin a nascadh lena gcuid íomhánna.
- **Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh Tríthoiseach:** baineann sé seo le múnú/teilgean, snoíodóireacht, tógáil nó meascán de na scileanna sin. Foghlaimíonn scoláirí cuir chuige i leith obair thríthoiseach a mbaineann modhanna breisiúcháin, dealúcháin agus tógála leo. Treisítear agus forbraítear níos mó na heispéiris a bhíonn ag scoláire san obair chroíshlabais seo de réir mar a phléann siad lena rogha obair thríthoiseach.
- **Rogha/nna.** Tá réimse leathan roghanna ar fáil ar féidir roghnú astu, bíodh sé sin an bheochan nó an challagrafaíocht, meáin mheasctha agus pacáistiú nó taipéisíocht agus fíodóireacht.



CROÍ AN CHÚRSA

Mar chuid lárnach dá gcuid foghlama in Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh, faigheann an scoláire taithí freisin ar na **Míreanna Ealaíne agus Deartha** a roinneann le ponc, dath, líne, cruth, patrún,

cothromaíocht, comhréiteach, comhréir, uigeacht, srl. Ní hamháin go dtugann **Staidéar Tacáochta** a chéad léargas don scoláire ar stair agus ar thuiscint na healaíne, na ceardaíochta agus an deartha, ach cruthaíonn sé freisin an deis chun forbairt a dhéanamh ar a gcuid scileanna i measúnú agus i meastóireacht chriticiúil. Tá disciplíní áirithe ann freisin a ligeann do scoláirí a bhfocalstór agus in amanna a scileanna matamaitice agus teicneolaíochta araon a mhéadú chomh maith le tógáil a dhéanamh ar thacair nua sainscileanna agus tuiscint a bheith acu ar an ngá le sábháilteacht.

I dteannta an **chroíshiollabais** dhéanadh scoláirí Gnáthleibhéil staidéar ag an tús ar **rogha amháin** ar a laghad, agus scoláirí Ardleibhéil ar **dhá rogha**. Ba chóir go dtiocfadh treisiú agus forbairt ar na croí-eispéiris tríd an obair a dhéantar ar gach rogha.

Ba é an difríocht is suntasaí agus is túisce idir an Meánteistiméireacht agus an Siollabas d'Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh na Sraithe Sóisearaí gur tugadh isteach Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal in áit an aon leibhéil shingil chomónta amháin. Tá an croíshiollabas mar an gcéanna don dá leibhéal, is é an phríomhdhifríocht do scoláirí go bhfuiltear ag súil le scoláirí níos mó oibre a dhéanamh ag Ardleibhéal agus í a bheith ag caighdeán níos airde.

Scrúdú an Teastais Shóisearaigh

Ón gcéad lá riamh, lorgaíodh i Scrúdú an Teastais Shóisearaigh níos mo aschuir ó scoláirí a roghnaigh Ardleibhéal. Chomh maith le rogha bhreise, b'éigean do scoláirí a thug faoi Ardleibhéal gach comhpháirt riachtanach a dhéanamh a bhain le saothar péintéireachta críochnaithe 2-T agus le saothar sa dearadh grafach.

Bronntar seachtó a cúig faoin gcéad de na marcanna iomlána atá ar fáil i scrúdú Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh an Teastais Shóisearaigh ar son obair an scoláire ina dTionscadal Ealaíne, a bhíonn ann ó thús mhí Dheireadh Fómhair go dtí deireadh mhí Aibreáin i mbliain a trí, go bunúsach iomlán an tríú bliain beagnach. Is cuid den tionscadal fada seo rogha de théamaí nó de Phointí Tosaigh a roghnaíonn scoláirí ceann amháin díobh.

Bronntar an 25% atá fágtha ar scrúdú líníochta a bhíonn ann go gearr tar éis chríoch an tionscadail. Cuirtear ar fáil do scoláirí an liosta míreanna a bhíonn mar bhunús leis an scrúdú líníochta tuairim ar dhá sheachtain sula mbíonn an scrúdú ar siúl. Éilítear ar an scoláire sa scrúdú seo líníocht a dhéanamh ón gcruth daonna (1.5 uair ar fad) agus líníocht de réad nádúrtha, é sin, nó réad saorga (1 uair ar fad).

I dtuairisc 2000 ar an scrúdú in Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh, luaigh an Príomhscrúdaitheoir i rannán na mbarúlacha ginearálta,

- Go bhfuil an t-ualach oibre d'iarthóirí Ardleibhéil iomarcach agus ró-athchleachtach.
- Gur gá rogha (ag Ardleibhéal) a bheith ann idir Dearadh Grafach agus Péintéireacht faoi mar atá ag an nGnáthleibhéal.
- Go mbíonn caighdeán na hoibre thíos leis cionn is go mbíonn iarthóirí ag deifriú chun an obair ar fad a chríochnú. Laghdaíonn sé sin an méid taitnimh agus sásaimh a bhaineann le hobair chruthaitheach a dhéanamh. Lena chois sin, fágann sé gur lú scoláirí a roghnaíonn an t-ábhar seo.

(ROE, Scrúdú an Teastais Shóisearaigh 2000, Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh)

Éilíonn an t-ualach oibre a lán d'am na scoláirí agus tá an ardcháilíocht a bhfuiltear ag súil léi sna píosaí a chuirtear isteach le haghaidh measúnaithe chomh héilitheach céanna, go háirithe do scoláirí a dhéanann Ardleibhéal. Luadh go minic go mbíonn tionchair dhiúltacha ag an ualach oibre róthrom ar an líon daoine a thógann an t-ábhar ag Ardteistiméireacht. Rinneadh athbhreithniú ar an ualach oibre sin agus laghdaíodh é do thionscadal Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh 2007 agus do gach scrúdú sa Teastas Sóisearach ó shin i leith.

An Siollabas Athchothromaithe


Ba cheann de roinnt ábhair sa Teastas Sóisearach é Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh a ndearnadh athchothromú orthu in 2008. Ba é an aidhm a bhí leis an athchothromú an t-ualach oibre agus an forluí neamhriachtanach a laghdú agus ábhar seanda a bhaint as. Tháinig a lán freagraí ar líne de

bharr an chomhairliúcháin a bhain leis an Siollabas Athchothromaithe agus is féidir teacht ar na tuairiscí a d'éirigh as míreanna éagsúla an chomhairliúcháin ag:

http://www.CNCM.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Junior_Cycle/Syllabus_change/Art,_Craft,_Design/Art,_Craft,_Design.html

Leagadh amach cúig phríomh-chomhpháirt sa dréachtsiollabas athchothromaithe a bheadh i gceist in Ealaín, Dearadh, Ceardaíocht an Teastais Shóisearaigh. Is é a bhí iontu sin:

- Tuiscint ar Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh, agus an Timpeallacht Thógtha
- Líníocht
- Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh 2-T
- Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh 3-T
- Ceardaíocht



Is iad sin a bheadh mar bhunús leis an eispéireas foghlama agus leis an measúnú suimitheach araon ag deireadh an tríú bliain do scoláirí. D'fhanfadh an tionscadal bliana sa tríú bliain, bunaithe ar an ualach oibre athbhreithnithe le haghaidh 2007, agus is amhlaidh a d'fhanfadh an scrúdú líníochta ceann cúrsa.

Is é an tuairim chóir a bheith a bhí ag scoláirí ar rannán Staidéar Tacaíochta an tionscadail scrúdaithe d'Ealaín, Dearadh, Ceardaíocht an Teastais Shóisearaigh gur mír sa bheis é don nóiméad deireanach.

Ba é an tuairim a thug an Príomhchigire ina Thuairisc i 2007 gur “Theip ar iarrthóirí i roinnt ionad brí choincheap an Staidéar Tacaíochta a thuiscint agus gur chaill siad an deis chun gné bhunriachtanach agus chomhtháite den tionscadal a dhéanamh di”. (CSS, Ardleibhéal, Tuairisc an Phríomhscrúdaitheora, 2007, l. 19)

Ba é an rud a mhol an Príomhscrúdaitheoir dá réir sin:

Ba chóir obair scoláirí a mheas go rialta. Cabhróidh athbhreithnithe míosúla ar shaothar idir lámha chun a chinntiú nach ndéantar neamhiontas de cheanglais riachtanacha, amhail Staidéar Tacaíochta. Ba chóir dea-phleanáil agus féinbhreithniú leanúnach scoláirí a spreagadh ionas go dtugtar a dóthain ama do gach comhpháirt den tionscadal. (CSS, Gnáthleibhéal, Tuairisc an Phríomhscrúdaitheora, 2007, l.12, Ardleibhéal, l. 20)

Agus Tuiscint ar Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh agus an timpeallacht thógtha á dtabhairt isteach, "meastar go dtabharfar aird shuntasach i rith na dtrí bliana do thuiscint ar an ealaín, ceardaíocht agus dearadh... trína gcomhtháthú sa teagasc agus san fhoghlaim, agus trína bhforbairt go córasach i gcomhar le scileanna ealaíne ar leith in 2-T, 3-T agus dearadh. Is í aidhm chomhpháirt na tuisceana go leagfar síos dúshraith ar scil saoil i measc scoláirí." (CNCM, 2008, l. 7).

Léirítear an cur chuige i leith an réimse seo den ealaín freisin in athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile ina luaitear múinteoir amháin á rá “Bíonn claonadh agam fós smaoineamh ar ealaín mar ealaín a chruthú agus bíonn claonadh ag na leanaí smaoineamh fúithi mar Ealaín a chruthú agus ní cheapann siad go ndearna siad ealaín mura bhfuil siad ach ag amharc ar rud éigin agus ag caint faoi." (CNCM, 2005, l. 156). San athbhreithniú, luaigh os cionn 10% de na freagróirí an dúshlán a bhain le leanaí a spreagadh chun ealaín a thuiscint [agus]... chun freagairt dá gcuid saothair féin agus do shaothair a gcuid cairde sa rang. Thagair siad don deacracht a bhain le cothromaíocht a aimsiú idir deiseanna chun ealaín a chruthú agus deiseanna chun breathnú ar an ealaín agus freagra pearsanta a thabhairt uirthi.

Bíodh is gur thug an siollabas athchothromaithe seo léargas ar na naisc le curaclam na nAmharc-Ealaíon i mBunscoileanna, is suimiúil freisin a lua go rabhthas á fhorbairt ag an am céanna mar shiollabas molta d'Ealaín na hArdteistiméireachta. Dá réir sin, díróidh sa siollabas athchothromaithe

seo den tSraith Shóisearach ar aistriú na scoláirí chuig siollabas nua Ealaíne sa tsraith shinsearach agus leagtar amach ar leathanach 15 den doiciméad na naisc idir an siollabas athchothromaithe d'Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh agus na hAonaid ar cuid de shiollabas molta na hArdteistiméireachta iad.

Ealaín na hArdteistiméireachta

Tá siollabas reatha Ealaín na hArdteistiméireachta ann ón mbliain 1971. I dtaca lena struchtúr agus lena chur chuige curaclaim, tá dlúthbhaint aige le siollabas na Meánteistiméireachta ó roimh 1989 ar tagraíodh dó níos luaithe agus, go deimhin, luaitear ann:

Ba chóir go mbeadh an cúrsa [Ealaín (lena n-áirítear Ceirdeanna)] ar bhonn chomh leathan céanna leis an gceann don Mheánteistiméireacht. Is tábhachtach go gcaomhnófaí braistint na haontachta ar fud rannáin dhifriúla an tsiollabais d'fhonn córas de cheachtanna scoite a sheachaint. (ROE, 1983/4, l. 312)

Leantar den chur síos agus moltar an imlíne seo a leanas:

- Staidéar Breathnóireachta
- Cumadóireacht Shamhlaíoch agus Beatha Neamhbheo
- Dearadh agus Ceardaíocht

Mar chuid de rannán an Deartha agus na Ceardaíochta, "áirítear Stair agus Tuiscint na Ealaíne... chun deis a thabhairt do scoláirí feasacht a léiriú ar ionad na n-amharc-ealaíon inár gcultúr agus inár bpobal" (ROE, 1983/4, l. 312).

Éilíonn an scrúdú, ag deireadh dhá bhliain staidéir, freagraí ar cheithre pháipéar:

1. Cumadóireacht Shamhlaíoch nó Beatha Neamhbheo
2. Dearadh nó Ceardaíocht
3. Sceitseáil ón mBeo
4. Stair agus Tuiscint na hEalaíne

Clúdaíonn Stair agus Tuiscint na hEalaíne trí cinn de shainréimsí staidéir, eadhon:

- Rannán 1 – An Ealaín in Éirinn (ó ré na Réamhstaire go dtí an t-am i láthair)
- Rannán 2 – Ealaín na hEorpa (ó 1000 A.D. go dtí an t-am I láthair)
- Rannán 3 – Tuiscint Ghinearálta (topaicí bunaithe ar ghnáth-thaithí amhairc i dtimpeallacht an scoláire é féin)

Forbraíodh siollabas athbhreithnithe Ardteistiméireachta idir 2004 agus 2008 ach níor tugadh isteach é.

Féachadh chuige sa siollabas athbhreithnithe go n-ullmhófaí scoláirí le “teanga amhairc a chabhraíonn leo eolas, mothúcháin, smaointe agus léargais a chur in iúl i meán amhairc agus a bheith ag plé le saothar ealaíne daoine eile agus í a thuiscint.” (CNCM, 2004, l. 1) agus cuirtear síos ann ar theanga amhairc mar theanga a bhfuil ceithre ghné inti: Cruthaitheach, Aeistéitiúil, Criticiúil/Stairiúil agus Cultúrtha.

Ar aidhmeanna an tsiollabais athbhreithnithe áirítear an deis a thabhairt do scoláirí:

- freagraí pearsanta, amhairc agus tadhaill a thabhairt ar eispéiris, mothúcháin, smaointe agus timpeallachtaí
- cumais samhlaíochta, chruthaitheachta, intleachtúla agus iomasacha na scoláirí a fhorbairt
- forbairt a dhéanamh ar iompair foghlama imscrúdaithe, anailíse, thurgnamhacha, scileanna teicniúla agus léiritheacha, feasacht aeistéitiúil agus breithiúnas criticiúil agus tacú lena leithéid trí rannpháirtíocht chruthaitheach i réimse de ghníomhaíochtaí ealaíne, ceardaíochta agus deartha agus trí stair agus tuiscint na healaíne
- cumas an scoláire a fhorbairt chun sult a bhaint as amharc-ealaín agus dearadh, iad a luacháil agus a mheas agus labhairt agus scríobh fúthu agus chun smaointe, tuairimí agus roghanna a chur in iúl ag úsáid focalstór cuí
- eolas a chur chun cinn agus tuiscint agus meas a fhorbairt ar éachtaí agus ar ról ealaíontóirí, ceardaithe, dearthóirí agus ailtirí san am atá thart agus sa tsochaí chomhaimseartha
- tuiscint a chothú ar ról na healaíne, an deartha, na hailtireachta agus na ceardaíochta sa ghnáthshaol, sa bhreisoideachas, san oiliúint, agus san ionad oibre

- feacht ar chleachtais ábhartha sláinte agus sábháilteachta i ngach gné den siollabas (CNCM, 2004, l. 2)

Cé gur roinneadh an siollabas ina thrí rannáin, dearadh é mar aonad comhtháite agus dá réir sin ba chóir a mheas go bhfuil na rannáin ar fad idirnasctha ó thaobh teagaisc agus foghlama de.

Rannán A: Líníocht

- Aonad 1: Líníocht Bhreathnaitheach.
- Aonad 2: Líníocht ón mBeo.

Rannán B: Obair Stiúideo

- Aonad 3: Ceardaíocht: Teicstílí, Grianghrafadóireacht, Ceardaíocht Adhmaid, Ceirmeacht, Ceardaíocht Miotail, Céim an Deartha, Leabharcheardaíocht, Puipeadóireacht, Déanamh Priontaí, Scannánaíocht/Déanamh Físeán
- Aonad 4: Mínealaín: Péintéireacht/Líníocht, Déanamh Priontaí, Dealbhóireacht, nó meascán díobh
- Aonad 5: Amharc-chumarsáid: Beochan, Dearadh don Phriontáil, Ilmheáin, Feidhmiú grafach in 2T agus 3T

Rannán C: Stair agus Tuiscint na hEalaíne agus an Deartha

- Aonad 6: Stair agus Tuiscint na hEalaíne agus an Deartha.

Breathnaíodh ar úsáid TFC ní hamháin mar uirlis taighde, ach freisin mar dhóigh chun íomhánna neamhbheo agus gluaiste araon a chruthú, a fhiosrú, a thriail agus a ionramháil. Braitheadh í freisin mar dhóigh chun costais a laghdú trí phróisis a dhéanamh níos sciobtha agus an gá a bhí le hacmhainní a laghdú. Díríonn siollabas athbhreithnithe na hArdteistiméireachta freisin ar úsáid TFC chun "cabhrú le táirgeadh déantáin ríomhghinte." (CNCM, 2004, l. 3)

Bhí an measúnú chun ailíniú leis na haidhmeanna agus leis na torthaí foghlama sa siollabas agus bhí na comhpháirteanna agus na hualaithe measúnaithe mar seo a leanas:

- Rannán A: Scrúdú líníochta (25%)
- Rannán B: Obair stiúideo (45%)

- Rannán C: Scrúdú scríofa (30%)

Bhí sé i gceist go mbeadh leithdháileadh éagsúil marcanna idir Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal maidir leis an measúnú ar obair stiúideo.

Dearadh an siollabas le haghaidh 180 uair am teagmhála (comhionann le cúig thréimhse de 40 nóiméad an ceann in aghaidh na seachtaine), le ranganna dúbailte ag teastáil in aghaidh na seachtaine chun obair stiúideo a éascú. Thóg an siollabas athfhorbartha seo ar obair agus ar dhearadh Shiollabas athchothromaithe an Teastais Shóisearaigh agus, trína chuid oibre, modheolaíochtaí agus cuir chuige a léiriú, bhunaigh sé leanúnachas i bhfoghlaim agus i dtaithí scoláirí agus iad ag aistriú ón tSraith Shóisearach go dtí an tSraith Shinsearach.

Ealaín i gCuraclam na Bunscoile

Is dóigh í an Ealaín chun brí a chruthú agus a chur in iúl trí íomháineachas. Is fearann uathúil siombalach í agus is disciplín í gona cuid éilimh ar leith agus a croífhoghlaim féin. Is dóigh nádúrtha agus thaitneamhach í an ealaín chun taithí an linbh ar an domhan a mhéadú agus a shaibhriú. (ROE, 1999, l. 5)

Laistigh de churaclam na Bunscoile, breathnaítear ar na hamharc-ealaíona mar chuid de churaclam Oideachas Ealaíon níos leithne i gcuideachta an cheoil agus na drámaíochta. Tá an Rince san áireamh i gcuraclam an Chorpoideachais. Tugadh isteach an curaclam reatha mar chuid de Churaclam na Bunscoile (1999). Léiríonn *Tábla 2.1: Creat íos-am seachtainiúil a mholtar i gCuraclam na Bunscoile (1999)* i dtaca leis an réimse ábhar Oideachas Ealaíon (Amharc-Ealaíona, Ceol, Drámaíocht) go dtiomnaítear 3 huairé dó (ESRI, Eanáir 2012, l. 8).

Tábla 2.1: Creat íos-am seachtainiúil a mholtar i gCuraclam na Bunscoile (1999)

Réimse ábhar	Am
Teanga an Teagaisc	4 huair
Dara Teanga (Gaeilge/Béarla)	3 huair 30 nóiméad
Matamaitic	3 huair
Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE – Stair, Tíreolaíocht, Eolaíocht)	3 huair
Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS)	30 nóiméad
Corpoideachas (CO)	1 uair
Oideachas Ealaíon (Amharc-Ealaíona, Ceol, Drámaíocht)	3 huair
Am lánroghnach curaclaim	2 uair

Tá an curaclam sna hAmharc-Ealaíona ann do leanaí ó naíonáin shóisearacha go dtí Rang 6. Tá sé snáitheanna sa churaclam:

- Líníocht
- Cré
- Péint agus dath
- Tógáil
- Priontáil
- Fabraic agus snáithín.

In *Athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile, Céim 1 Tuarascáil Deiridh le moltaí (2005)*, rinneadh athbhreithniú ar an mBéarla, Matamaitic agus na hAmharc-Ealaíona sa churaclam. De réir na sonraí ón athbhreithniú, ba iad an dá shnáithe is mó a raibh taithí ag scoláirí orthu péint agus dath agus líníocht ina dhiaidh sin. Is fiú a lua gur teicnící déthoiseacha an dá cheann acu seo.

Faigheann na leanaí taithí ar gach snáithe ar a sheal, trí dhá aonad sa snáithe, ar chaoi a théann chun castachta agus iad ag forbairt ó thaobh scile agus eolais araon agus ag dul suas tríd an mBunscoil:

- Ealaín a chruthú
- Breathnú ar ealaín agus freagairt di

Tá lamháil sa churaclam do mheáin chomhlántacha a úsáid, amhail grianghrafadóireacht, scannánú, ríomhghrafaic mar is cuí. Nuair a phleanáiltear iad go cúramach agus nuair a úsáidtear réimse de mheáin dhifriúla iontu, tá teagmhas i ngníomhaíochtaí na nAmharc-Ealaíon do naisc idir na snáitheanna difriúla agus is féidir iad a úsáid go héifeachtach i ngníomhaíochtaí traschuraclaim. Is gné thábhachtach den bhunoideachas í an fhoghlaim chomhtháite sin. Tugtar samplaí de roinnt gníomhaíochtaí a mholtar i dtaca le nascadh agus le comhtháthú i ngach snáithe. Luaitear áfach, gur chóir cothromaíocht chúramach a choimeád idir teagasc comhtháite agus teagasc ábhar aonair, go speisialta sna ranganna sinsearacha.

Tá úsáid na teanga i gcuraclam na nAmharc-Ealaíon tábhachtach agus cabhraíonn sí chun smaointe an linbh a shoiléiriú agus a gcreat coincheapúil a fhairsingiú chomh maith. Ach iad a thuiscint agus a úsáid mar is cuí cabhraíonn téarmaí ealaíne agus na míreanna amhairc amhail líne, cruth, dath agus ton le leanaí chun labhairt ar a gcuid smaointe agus ar an obair atá siad a chruthú.

Tá an measúnú sa bhunoideachas foirmitheach agus suimitheach araon. Tá an measúnú foirmitheach áisiúil chun poitéinseal foghlama a aithint agus chun straitéisí cuí teagaisc a mheas le ligean don fhoghlaim leanúint ar aghaidh. Tá an measúnú suimitheach áisiúil chun léargas a fháil ar dhul chun cinn linbh trí churaclam na nAmharc-Ealaíon agus nuair a bhíonn eolas le cur in iúl don leanbh, a dtuismitheoir(í) nó múinteoirí agus gairmithe eile. In athbhreithniú 2005 de na hAmharc-Ealaíona nótáladh gur

Tuairiscíodh breathnóireacht mhúinteora ar an uirlis is minice a úsáidtear sna hAmharc-Ealaíona, agus ina diaidh sin samplaí oibre, punanna agus tionscadail, agus tascanna múinteoir-dheartha agus próifíllí curaclaim. (CNCM, 2005, l. 9)

Ba é a thuairiscigh múinteoirí áfach, go raibh an measúnú in Amharc-Ealaíona an-dúshlánach ó thaobh ama de, oiriúnacht an mheasúnaithe agus a gcuid "eolais ar mheasúnú sna hamharc-ealaíona." Is cosúil go bhfuil sé sin ag teacht leis na torthaí a foilsíodh le deireanas san Athbhreithniú ar Churaclam na hAstráile – Tuarascáil Deiridh (Rialtas na hAstráile, 2014, l. 212), sa rannán ar na hEalaíona, mar a luaitear an gá le "speisialtóirí a bheith ar an bhfoireann nó ar conradh chun curaclam na n-ealaíon a láimhseáil sa bhunscoil uachtarach ". Tagraítear freisin san athbhreithniú seo don réimse teoranta modheolaíochtaí a úsáidtear i dteagasc na nAmharc-Ealaíon agus múinteoirí a bheith ar a gcompord go príomha agus iad ag teagasc trí mheáin dhéthoiseacha.

Luadh go bhféadfadh Teicneolaíochtaí na Faisnéise agus na Cumarsáide (TFCanna) tionchar dearfach a bheith acu ar chruthú an tsaothair ealaíne, trí chláir éagsúla ealaíne chomh maith le bheith ag foghlaim conas breathnú ar ealaín agus freagairt di trí CDanna músaem a úsáid nó tríd an idirlíon. Luadh go bhféadfaí suíomh gréasáin scoile a úsáid chun eolas a phoibliú mar gheall ar ghníomhaíochtaí ealaíne scoile. Dúirt corradh le haon trian de na múinteoirí uile a d'fhreagair an tAthbhreithniú ar churaclam na nAmharc-Ealaíon gur úsáid siad TFC i gcuraclam na nAmharc-Ealaíon. Díríodh úsáid an TFC sna hamharc-ealaíona ar an Idirlíon a úsáid chun breathnú ar ealaín agus ar shaothar ealaíontóirí agus úsáideadh bogearraí chun cártaí a dhearadh agus a phriontáil agus chun péinteáil agus dathú a dhéanamh.

Roinnt torthaí suimiúla eile a tháinig as an Athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile, is le breathnú ar an ealaín sa timpeallacht (laistigh agus lasmuigh) a bhain siad. Fuarthas amach sa chás seo go raibh sé sin úsáideach chun na míreanna amhairc a theagasc trí shnáitheanna na n-amharc-ealaíon. Freisin, nuair a bhain sé le breathnú ar shaothar ealaíontóirí, thuairiscigh trian de na múinteoirí go mbíonn deiseanna ag leanaí ina rang a fheiceáil conas a oibríonn ealaíontóirí, ceardaithe agus dearthóirí lena dtimpeallachtaí agus conas a bhfreagraíonn siad dóibh. Thrácht na leanaí a bhuail le healaíontóir nó a labhair le duine acu, thrácht siad faoin eispéireas s'acu agus iad tógtha go maith.

Mar sin féin, cé go raibh bunús na leanaí sna scoileanna, ar taifeadadh a bhfreagraí san athbhreithniú, corraithe a bheith ag foghlaim mar gheall ar ealaíontóir istigh sna scoileanna féin, thuairiscigh 77.1% de na múinteoirí gur ar éigean a bhí ealaíontóir cónaithe acu nó nach raibh a leithéid ann riamh. Thuairiscigh 75.8% de mhúinteoirí san iomlán gur ar éigean a d'úsáid siad /nó nár úsáid siad riamh TFC chun teagasc conas a oibríonn ealaíontóirí laistigh dá dtimpeallacht.

Aistear: Creachuraclam na Luath-Óige

Is é Aistear, Creachuraclam na Luath-Óige a forbraíodh do pháistí ón mbreith go dtí sé bliana d'aois. "Soláthraíonn sé eolas do dhaoine fásta chun cabhrú leo pleanáil le haghaidh eispéiris foghlama thaitneamhacha agus dhúshlánacha agus iad a chur ar fáil, ionas gur féidir le gach leanbh fás agus forbairt mar **fhoghlaimoirí cumasacha agus muiníneacha** laistigh de chumainn ghrámhara le daoine eile." (CNCM, 2009, l. 6) Déantar cur síos i gCreat Aistear ar an saghas foghlama atá tábhachtach ag páistí ina gcuid luathbhlianta, tugtar smaointe agus moltaí ar conas a d'fhéadfaí í a chothú agus soláthraítear treoirlínte chun tacú leis an bhfoghlaim sin trí chomhpháirtíochtaí le tuismitheoirí, caidreamh, súgradh agus measúnú.

Tá Creat Aistear bunaithe ar dhá cheann déag de phrionsabail a chuirtear i láthair i dtrí ghrúpa:

1. Leanaí agus a saol sa luath-óige
 - uathúlacht an linbh
 - cothromaíocht agus éagsúlacht
 - leanaí mar shaoránaigh
2. Ceangail leanaí le daoine eile
 - caidreamh
 - tuismitheoirí, teaghlach agus pobal
 - ról an duine fhásta
3. Conas a fhorbraíonn agus a fhoghlaimíonn leanaí
 - foghlaim agus forbairt iomlánaíoch
 - foghlaim ghníomhach
 - súgradh agus eispéiris theagmhálacha
 - eispéiris ábhartha agus lánbhí
 - cumarsáid agus teanga
 - an timpeallacht foghlama

Cuirtear na Prionsabail i láthair le ráiteas gearr, agus míniúchán air ina dhiaidh ó thaobh an linbh de ina n-aibhsítear ról an duine fásta maidir leis an tacaíocht a thugann siad don fhoghlaim agus don fhorbairt s'acu.

Laistigh den tríú grúpa, faoi Phrionsabal na Cumarsáide agus na Teanga, luaitear go bhfuil an "cumas chun cumarsáid a dhéanamh ag croílár na luathfhoghlama agus na luathfhorbartha. Cabhraíonn an chumarsáid le leanaí foghlaim conas smaoinemh faoin domhan s'acu agus ciall a bhaint as." (CNCM, 2009, l. 12). Is mar seo a mhínítear é sin ansin ó thaobh an linbh de "Cuimhnigh go dtugaim agus go bhfaighim eolas ar a lán bealaí difriúla. Is féidir liom cumarsáid a dhéanamh le focail, teanga chomharthaíochta...drámaíocht, ealaín, agus Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)." (CNCM, 2009, l. 12)

Cuirtear foghlaim agus forbairt leanaí i láthair sa chreat trí na ceithre théama Folláine agus Leas, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid agus Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht. Roinntear gach téama ina cheithre aidhmeanna a roinntear ar a seal ina sé sprioc foghlama. Tugtar deiseanna foghlama samplacha faoi gach téama freisin mar mholtaí nó smaointe do na cineálacha eispéiris foghlama a thiocfadh le daoine fásta a ofráil.

Téama: Folláine agus Leas	
Aidhm 3: Beidh leanaí cruthaitheach, spioradálta.	Sprioc foghlama: I gcomhpháirt leis an duine fásta (1) cuirfidh leanaí iad féin in iúl go cruthaitheach agus gheobhaidh taithí ar na healaíona
Téama: Féiniúlacht agus Muintearas	
Aidhm 2: Beidh braistint féiniúlacht ghrúpa ag leanaí mar a ndéanfar gaoil lena dteaghlach agus lena bpobal a aithint agus a mhéadú.	Sprioc foghlama: I gcomhpháirt leis an duine fásta (4) tuigfidh leanaí gnáthaimh, gnásanna, féilte agus ceiliúradh agus glacfaidh siad páirt iontu
Téama: Cumarsáid	
Aidhm 3: Leathnóidh leanaí a dtuiscint ar an domhan	Sprioc foghlama: I gcomhpháirt leis an duine fásta (5) beidh

agus iad ag baint brí as eispéiris trí theanga a úsáid.	deiseanna ag leanaí chun ábhair agus uirlisí marcála éagsúla a úsáid ar dhóigh thaitneamhach agus bhríoch
Téama: Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht	
Aidhm 3: Déanfaidh leanaí iniúchadh ar bhealaí nua chun smaointe, mothúcháin, nithe agus gníomhartha a chur i láthair trí shiombailí.	Spríoc foghlama: I gcomhpháirt leis an duine fásta (1) déanfaidh leanaí marcanna agus bainfidh úsáid as líníocht, péintéireacht agus samhail-dhéantús chun nithe, imeachtaí agus smaointe a thairfead

ATF agus an Ealaín

Rinneadh athbhreithniú ar an gcur chuige i leith na healaíne san Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF) agus i nGairmchlár na hArdteistiméireachta mar chuid den fhorbairt ar an doiciméad eolais seo. Is cosúil go n-ofrálfaidh an modh measúnaithe laistigh de Speisialtacht Ghairmiúil an ATF léargais ar chuir chuige fhéideartha do mheasúnú na healaíne sa tsraith shóisearach nua.

“Is clár dhá bhliain é an Ardteistiméireacht Fheidhmeach a ceapadh do scoláirí nach mian leo dul ar aghaidh go díreach chuig oideachas dara leibhéal nó dóibh siúd nach ndéantar freastal go hiomlán, sa dá chlár Ardteistiméireachta eile, ar a gcuid riachtanais, inniúlachtaí ná stíleanna foghlama. Bíonn rannpháirtithe san Ardteistiméireacht Fheidhmeach ag plé den chuid is mó le hobair agus le staidéar de chineál gníomhach, praiticiúil agus foghlaimoirlárnach.” (CNCM, 2014) Is í príomhaidhm na hArdteistiméireachta Feidhmí rannpháirtithe a ullmhú le haghaidh a n-aistrithe ó shaol na scoile/an ionaid go saol oibre an duine fhásta.

Tá cúrsa na Ceardaíochta agus an Deartha roinnte ina cheithre réimse dhifriúla

1. Faisean agus Teicstílí
2. Grafaic na Cumarsáide agus Meáin Chlóite
3. Staidéar Tríthoiseach

4. Staidéar Lionsa-Bhunaithe

Dearadh cúrsa na Ceardaíochta agus an Deartha chun deis idéalach phraiticiúil a chur ar fáil do scoláirí chun a gcumais chognaíocha, chruthaitheacha, theicneolaíocha, aeistéitiúla agus láimhe a fhorbairt.

Mar chuid den mheasúnú ar an obair seo tá scrúdú scríofa deireanach ann (40%) ina dtugtar rogha do scoláirí ar dhá cheist bunaithe ar gach réimse. Is modh foirmiúil é chun a mheas cé acu a thuig scoláirí agus is féidir leo a chur i gcomhthéacs agus a mhíniú na gcialla atá taobh thiar de theicnící éagsúla ealaíne agus de théarmaíocht ealaíne agus lena chois sin an leibhéal tuiscint chriticiúil atá acu a thaispeáint.

Achoimre an Rannáin

Is iomaí forbairt a bhí ann, nár cuireadh uile i bhfeidhm, a léiríonn na tuairimí ar leasú an churaclaim in Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh agus conas a cuireadh na réimsí éagsúla de chleachtas na healaíne in ord tosaíochta. Is iomaí ceann acu sin atá úsáideach agus muid ag breathnú ar shonraíocht nua a dhearadh d'Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh na Sraithe Sóisearaí. I bhfírinne, cruthaíonn an teideal féin "Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh" béim áirithe san intinn, arbh fhéidir go dtógfaí nó nach dtabharfaí uirthi le linn forbairtí sa toadhcháil.

Cuireadh fáilte roimh chéad siollabas an Teastais Shóisearaigh in 1989 mar eispéireas fíorshaoil, teagmhálach, an-phraiticiúil d'Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh do scoláirí. Nótáladh áfach, gur ghá go mbeadh athrú san ualach trom oibre a rabhthas ag súil léi ó scoláirí, go háirithe iad siúd a bhí ag tabhairt faoin Ardleibhéal. Déileáladh leis sin trí mhodhnóireacht a dhéanamh ar an méid oibre a bhí le meas ionas go léireodh sé modh measúnaithe níos cothroime ar an iomlán. Bhí baint níos díri ag siollabas Ealaíne na Meánteistiméireachta roimh 1989 le siollabas na hArdteistiméireachta. Cé nár cuireadh i bhfeidhm ceachtar acu, siollabas leasaithe na hArdteistiméireachta ná siollabas athchothromaithe an Teastais Shóisearaigh, bhí sé i gceist go mbeadh ceangail nádúrtha eatarthu i réimsí an inneachair, na scileanna agus na dtorthaí tuartha. Sa tSraith Shinsearach, chabhraigh athruithe i gcúrsaí measúnaithe le hathruithe a thabhairt i gcuir chuige múinteoirí agus scoláirí i leith an tsiollabais agus an scrúdaithe. Is dócha go gcabhróidh na hathruithe a moladh le déanaí i gcúrsaí measúnaithe, atá le tabhairt isteach i Meán Fómhair 2015, go gcabhróidh siad chun na modheolaíochtaí oibre agus measúnaithe sn tSraith Shinsearach a ailíniú le múnlaí reatha na Sraithe Sóisearaí. Sa Bhunoideachas, is í an Ealaín ceann de na hábhair is fearr le daltaí, ach ní mór go neartófaí scileanna na múinteoirí chun saothair ealaíne a chruthú, a mheas agus a phlé.

Trí úsáid a bhaint as míniúcháin ar dhearcadh an linbh, aibhsíonn Aistear, Creatchuraclam na Luath-Óige, ról an duine fhásta i dtacaíocht a chur ar fáil dá gcuid foghlama agus forbartha. Cuirtear i láthair moltaí nó smaointe ar na cineálacha eispéireas a d'fhéadfadh daoine fásta a thairiscint trí dheiseanna foghlama samplacha faoi gach téama.

Díríonn an Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF) ar ghné ar leith, go díreach mar a rinne siollabas athchothromaithe an Teastais Shóisearaigh, trí dheis a thabhairt do scoláirí sa scrúdú deiridh chun a dtuiscint ar scileanna, ábhair agus teicnící a úsáid i scrúdú scríofa.

3. Forbairtí eile a théann i gcion ar an tsonraíocht nua

Tá réimse leathan tosca eile a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar dhearadh sonraíochta d'Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh na Sraithe Sóisearaí, roinnt acu a bhfuil baint dhíreach acu le gnéithe eile den churaclam iar-bhunscoile agus cinn eile a bhfuil nádúr níos sistéamaí leo. Tarraingíonn an rannán seo aird ar roinnt de na tosca sin

- Cairt na nEalaíon san Oideachas
- Gearrchúrsa na SS i dTaibhiú Ealaíne
- Punanna
- Grafaic Dhearthra agus Chumarsáide
- An Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt Inbhuanaithe

Cairt na nEalaíon san Oideachas

Féachtar i **gCairt na nEalaíon san Oideachas**, a d'fhorbair an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta (REOG) i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) ar thairseach a chruthú chun comhroinnt acmhainní a éascú trasna na n-ealaíon agus na scoileanna. Agus Cairt na nEalaíon san Oideachas á giniúint rinneadh athbhreithniú ar áit na n-ealaíon ó Aistear, Creachuraclam na Luath-Óige, tríd an mBunscolaíocht agus an tSraith Shóisearach a fhad le curaclam na Sraithe Sinsearaí. Tá an Chairt ábhartha d'fhorbairt na sonraíochta nua ar roinnt cúiseanna, lena n-áirítear

- go n-aibhsítear inti go sonrath comhtháthú na n-ealaíon mar mhodh chun príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí a fhorbairt agus ina theannta sin mar rud a d'fhéadfadh eispéiris scoláirí a leathnú chuig fíorshaol na n-ealaíon agus ealaíontóirí.
- go moltar inti agus go dtagraítear do roinnt forbairtí a bhaineann leis na healaíona a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar fhorbairt sonraíochta in Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh. Is fiú a lua, go háirithe, forbairt Suíomh Tairisí do na healaíona-san-oideachas atá ag dul a bheith go cinnte ina phríomhchainéal eolais agus cumarsáide do na hearnálacha oideachais agus ealaíne araon. Tá tagairt níos sonrath déanta sa doiciméad, i rannán 4.12 (l. 15), faoin gceannteideal "Roinnt na

nAcmhainní” agus ó foilsíodh an Chairt, tá an Suíomh Tairsí tar éis dul chun cinn trí chéim an chomhairliúcháin.

- go luaitear inti gur choir, nuair is féidir é, go mbeadh tiomantas i mbeartais inmheánacha scoile agus i bpleananna iar-bhunscoile “i leith ealaíona-san-oideachas mar ghné thábhachtach de shaibhriú an churaclaim agus de shaol ginearálta na scoile.” (REOG /ROE, 2012, l. 6).
- go bhfuil sí ag teacht go soiléir le *Creat don tSraith Shóisearach* a aibhsíonn tábhacht na healaíne sa churaclam. Tagraítear sa Chairt mar shampla do “Cruthaitheacht agus nuálaíocht”, ceann d’ocht bprionsabal an Chreata agus luaitear “go soláthróidh sé deiseanna do scoláirí a bheith cruthaitheach agus nuálach.” (ROE, 2012, l. 4). Tá an prionsabal ag aontú le roinnt mhaith de na 24 Ráiteas Foghlama (RF), arb ionann iad agus croílár na Sraithe Sóisearaí nua. Mar shampla:
 - RF 3: tugann an scoláire smaoineamh ón gcoincheap go dtí an fíorú
 - RF 4: Cruthaíonn agus léiríonn an scoláire saothair ealaíne agus tá tuiscint acu ar na próisis agus ar na scileanna a bhaineann leo.
 - RF 23: Tugann an scoláire smaoineamh ón gcoincheap go dtí an fíorú

Tá níos mó de chomhtháthú an phrionsabail seo le feiceáil sa phríomhscil “Bheith Cruthaitheach”. Tá na gnéithe seo a leanas i gceist sa phríomhscil seo:

- Samhlú
- Roghanna agus malairtí a fhiosrú
- Smaointe a chur i bhfeidhm agus gníomhú
- Foghlaim go cruthaitheach
- Cruthaitheacht a spreagadh trí theicneolaíocht dhigiteach a úsáid

Is féidir Ealaíona-san-Oideachas a bheith ann trí ionchur a bheith ag saol na n-ealaíon i scoileanna agus/nó trí rannpháirtíocht scoláirí leis na healaíona san fhearann poiblí. Is é a thiocfadh a bheith i gceist leis seo, eispéiris amhail cuairt aon-uaire chuig scoil ag ealaíontóir gníomhach go tionscadail chomhoibríocha a mhaireann achar maith ama. Is saibhrede arís an caidreamh idir na healaíona agus an scoil baint a bheith ag tuismitheoirí agus ag eagraíochtaí ealaíne pobail leis agus baint a bheith ag an scoilphobal trí chéile leis.

Tríd an gCairt aithníonn an dá Roinn “(gur) géar a theastaíonn sé líonraí réalaíocha agus fóirúla de chleachtóirí oilte, le taithí, a bhunú (múinteoirí agus ealaíontóirí) chun dea-chleachtas a roinnt agus chun cuir chuige chomhoibríocha i leith chleachtas na n-ealaíon san oideachas a fheabhsú.” (REOG & ROE, 2012, l. 14)

Faightear freisin sa *Chreat don tSraith Shóisearach* léiriú ar thábhacht obair ealaíontóirí comhaimseartha do scoláirí óir “Léiríonn an taighde go bhfuil an cineál rannpháirtíochta a bhíonn ag scoláirí – leis an scoil, le múinteoirí agus leis an bhfoghlaim – ina gné lárnach i dtaca leis na scileanna agus na hinniúlachtaí a fhorbairt a theastaíonn ó scoláirí i saol an lae inniu.” (ROE, 2012, l. 1). Is den tábhacht é ag scoláirí go bhfaigheann siad ní hamháin tuiscint ar thábhacht stairiúil agus chultúrtha na healaíne, ach go bhfoghlaimíonn siad freisin faoi na cleachtais reatha agus faoi na cleachtóirí chomh maith.

Pléitear leis sin i rannán 4.8 den Chairt

Tá sé ríthábhachtach saothair ealaíontóirí comhaimseartha (sa chiall is leithne) a chur ar fáil do phleanálaithe curaclaim. Ba cheart do shaothair ealaíontóirí atá beo tosaíochtaí an churaclaim atá ann cheana féin a chomhlánú agus na saothair sin a bheith ar an liosta tagartha mar chuid de réaltachtaí praiticiúla na múinteoireachta sa seomra ranga. Maidir leis sin, beidh an bhaint a bheidh ag ealaíontóirí agus ag eagraíochtaí ealaíon, a mbeidh maoiniú faighte acu, le scoileanna, faoi mar a tugadh síos níos luaithe, ina cuid den chonradh don mhaoiniú as cistí poiblí. (REOG & ROE, 2012, l. 15)

Gearrchúrsa Taibhiú Ealaíne

Is comhpháirt den churaclam iad na Gearrchúrsaí sa tsraith shóisearach nua. Is féidir le scoileanna gearrchúrsaí a fhorbairt de réir sonraíochta a chuir an CNCM ar fáil chun oiriúint do shainriachtanais agus do shainsuimeanna a gcuid scoláirí sa tsraith shóisearach. Ta nasc díreach acu leis na príomhscileanna agus ceapadh iad le haghaidh tuairim ar 100 uair de rannpháirtíocht scoláirí agus cuireann siad béim ar fhoghlaim ghníomhach scoláirí. Rinne an CNCM naoi ngearrchúrsa a dhearadh cheana is féidir le scoileanna a úsáid mar ‘chúrsaí pacáiste’ ina gclár don tsraith shóisearach. Tá gearrchúrsaí roghnach i dtaca lena gcur san áireamh i gcuraclam scoile. Ní mór gach gearrchúrsa a ailíniú leis an leibhéal cuí den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

Is é an chéad ráiteas atá sa réasúnaíocht don ghearrchúrsa sa Taibhiú Ealaíne

In oideachas a fhéachann le tacú le forbairt an duine iomláin is rud bunúsach é a bheith ag foghlaim faoi agus trí na healaíona. (CNCM, 2014, l. 4)

Féachann an gearrchúrsa chuige go mbeidh scoláirí rannpháirteach i gcleachtais ealaíne le daoine eile trí struchtúr a thairiscint is féidir a úsáid chun tionscnaimh shamhlaíocha agus chruthaitheacha chomhoibríocha agus aonair a éascú, as a dtiocfaidh “taibhiú” grúpa. Is féidir a léamh go gciallaíonn taibhiú freisin láithreoireacht, imeacht, taispeántas nó léiriú.


Ligeann na trí snáitheanna den ghearrchúrsa seo do scoláirí tógáil ar a n-eispéiris sna healaíona chun a léiriúchán féin a chruthú.

Snáithe 1: Tá **Taithí ar na hEalaíona** deartha sa chaoi go mbeidh fioreispéiris ag na scoláirí ar na healaíona, ionas go mbeidh léargas acu ar chineálacha éagsúla ealaíne.

Snáithe 2: Baineann **Pleanáil agus ullmhúchán** le measúnú a bheith á dhéanamh ag scoláirí ar a gcuid láidreachtaí mar bhall de ghrúpa d’fhonn cinneadh a dhéanamh ar an ról a ghlacfaidh siad orthu féin sa “ghrúpthaibhiú” s’acu.

Snáithe 3: Is sa **Rannpháirtíocht agus taibhiú** is féidir le scoláirí na scileanna atá foghlamtha acu ina rogha foirm ealaíne a thaispeáint agus a chur i láthair lucht féachana.

Tá léiriú grafach den cur chuige seo sa léaráid thíos:



Léiriú agus dialann mhachnaimh atá i gceist sa mheasúnú don ghearrchúrsa sa Taibhiú Ealaíne.

Is iad na scoláirí a chruthaíonn an dialann mhachnaimh chun cabhrú leo machnamh ar a gcuid eispéireas agus iad ag plé leis na healaíona le linn dóibh an cúrsa a dhéanamh. Is féidir é seo a léiriú i bhfoirm scríofa, dhigiteach, amhairc nó fuaim, nó in aon fhoirm eile a mheasann an scoláire a bheith oiriúnach chun brí an mhachnaimh a thabhairt le fios. Ba chóir don “ghrúpthaibhiú” deireanach na scileanna ar fad a thabhairt le chéile agus fianaise a thabhairt ar fheabhas agus ar thiomantas.

Is fiú a lua go ndeirtear sa tsonraíocht don Taibhiú Ealaíne gur creatchaipéis atá sa ghearrchúrsa é féin. Tá teagmhas ann le haghaidh solúbthacht i dtaca le cur i bhfeidhm agus le léirmhíniú chun go meaitseálfadh sé réimse na ndisciplíní ealaíne ar féidir plé leo mar chuid den ghearrchúrsa seo.

Punanna

Is fada baint a bheith ag úsáid phunanna, agus a glacadh leo, mar chuid den mheasúnú ar oideachas agus ar thaibhiú ealaíon. Agus moltaí á ndéanamh ar an gcaoi a mb'fhéidir foghlaim a mheas a bhaineann le sonraíocht leasaithe in Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh, is é is dócha go n-mbeidh úsáid mheasúnú na punainne ar cheann de na roghanna a chuirfear san áireamh.

Is iomaí cineál critéir a mbaintear feidhm astu le linn punanna a úsáid chun ábhar a bailíodh mar chuid de chúrsa oideachas ealaíon a mheas. Úsáidtear, mar shampla, sa Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha (CNED) critéir a thioctadh a bheith ina gcabhair i gcomhthéacs an doiciméad eolais seo sa mhéid is go dtugann siad breac-chuntas ar chur chuige chun corpas oibre a bhailiú agus a choimeád, a úsáidtear trasna a lán disciplíní ealaíne.

Is iad seo na critéir chun measúnaithe sin:

- Breathnóireacht chriticiúil: Léiríonn scoláirí an cumas chun taifead, cur síos, míniúchán agus anailís a dhéanamh ó amharc ar an tsuibíocht s'acu mar fhreagairt ar réimse ábhar foinse.

- Taighde amhairc: Ba chóir go léireodh scoláirí feasacht agus fiosracht i leith ábhar amhairc ar díol spéise leo é. Is féidir iad sin a dhoiciméadú in aon fhormaid amhairc, ach léireoidh siad fiontraíocht agus fiosracht ó thaobh taighde de.
- Smaointeoireacht chruthaitheach: Ba chóir do scoláirí fianaise a thabhairt ar phróiseas cruthaitheach ina gcuid oibre, a léiríonn an chaoi agus an áit araon ar chuir siad dúshlán orthu féin breathnú ar rudaí go difriúil. Ba chóir go léireodh a gcuid oibre fianaise ar phróiseas cruthaitheach bríomhar agus gníomhach.
- Cumas chun cloí le tiomantas oibre: Ba chóir go léireodh scoláirí go bhfuil siad ábalta leanúint le forbairt smaointe trí thástáil/iniúchadh a dhéanamh ar fhoinsí ábhair faoi chúinsí éagsúla.

(CNED, 2014, l. 7)

Dá gcruthófaí méid ollmhór ábhar measúnaithe, d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ann ó thaobh stórála, inrochtaineachta agus measúnaithe chomh maith. Ba réiteach é ar a lán de na deacrachtaí dá n-úsáidí ríomh-Phunanna.

Tá an CNCM páirteach faoi láthair i dtionscadal uile-Eorpach ina ndéanfar taighde ar ríomh-Phunanna agus ar a n-úsáid in iar-bhunscoileanna. Tá fócas tosaigh an taighde ar scoláirí atá ag dul den Bhéarla faoi shonraíocht nua an teastais shóisearaigh. Ó tharla béim a bheith á cur ar mheasúnú foirmitheach ar fud na sonraíochta seo “meastar gur dóigh iontach é múnla na r-Phunainne chun an cur chuige seo a chothú.” (EUFolio, 2014, l. 5)

De réir shainmhíniú an tionscadail FóilióAE:

Tugann ríomh-Phunann spás oibre dinimiciúil faoi úinéireacht an scoláire d'fhoghlaimoirí inar féidir leo a gcuid foghlama agus a gcuid smaointe a léiriú, rochtain a fháil ar a mbailiúcháin oibre, machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama, a gcuid foghlama a chomhroinnt, spriocanna a shocrú, aiseolas a lorg, agus sárthaispeántas a dhéanamh dá gcuid foghlama agus dá n-éachtaí.

Nasctar tionscadal FóilióAE na hÉireann le scileanna an 21ú céad trí phríomhscileanna na sraithe nua sóisearaí amhail:

- Mé féin a bhainistiú: Spriocanna pearsanta a shocrú agus a bhaint amach
- Fanacht folláin: A bheith dearfach faoin bhfoghlaim
- Cumarsáid: Taibhiú agus cur i láthair
- A bheith cruthaitheach: An chruthaitheacht a spreagadh ag baint úsáide as teicneolaíocht dhigiteach
- Obair le daoine eile: Foghlaim le daoine eile
- Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú: Athmhachnamh agus meastóireacht a dhéanamh ar mo chuid foghlama

“Rinneadh na punanna, a d’fhorbair múinteoirí agus scoláirí an Bhéarla, a dhearadh chun stóráil obair scoláirí a éascú, agus sa chaoi go bhféadfaí an obair seo a chur i láthair ar aon mhodh a oireann do dhearadh an tasc.” (EUFolio, 2014, l. 13). Tá sé i gceist dá réir sin go ligfidh ríomh-Phunanna do scoláirí ní hé amháin a gcuid oibre a “stóráil”, ach freisin í a chur i láthair ar bhealach ilmhódach. Tabharfaidh sé deis don scoláire freisin athmhachnamh a dhéanamh ar na píosaí chomh maith le trácht ón múinteoir, agus dá réir sin éascóidh sé comhrá bunaithe ar an obair í féin. Is féidir piarmheasúnú a dhéanamh ar an obair freisin trí ríomh-Phunanna a úsáid. Beidh baint an-díreach ag na tréithe seo de chuid ríomh-Phunanna le bainisteoireacht agus le measúnú oideachas ealaíon sa tSraith Shóisearach.

Grafaic Dheartha agus Chumarsáide

Tá an cleachtadh ar obair scoláirí a thiomsú go leictreonach agus a mheas dea-bhunaithe cheana i nGrafaic Dheartha agus Chumarsáide (GDC) na hArdteistiméireachta. Is é a luaitear ag tús shiollabas an GDC

Cuireann an cúrsa sa Ghrafaic Dheartha agus Chumarsáide le forbairt scileanna cognaíocha agus praiticiúla an scoláire ar dhóigh ar leith. Áirítear i measc na scileanna sin grafacht/cumarsáid ghrafach, fadhbréiteach cruthaitheach, agus tuiscintí ar spásúlacht/léirshamlú, inniúlachtaí deartha, ríomhghrafaic agus samhaltú Dearadh Ríomhchuidithe. (DRC) (ROE, 2007, p4)

Tá ‘tasc scoláire’ i gceist sa mheasúnú don teistiúchán arb é a aidhm measúnú a dhéanamh ar na gnéithe sin den chúrsa nach féidir a mheas go héasca tríd an scrúdú deiridh, i ngnéithe áirithe de

Ghrafaic Dheartha agus Chumarsáide agus úsáid TFC sa dearadh. Is spéisiúil an rud é, meastar go mbeidh tuairim ar 40 uair ag teastáil chun tasc an scoláire a dhéanamh atá inchomparáide leis an tionscadal reatha in Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh an Teastais Shóisearaigh a bhfuil fad ama mar an gcéanna luaite leis (is é 42 uair an t- am íosta a mholtar).

Rud fiorthábhachtach, breathnaítear sa GDC ar ról TFC maidir le smaointe deartha a fhorbairt (gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama) agus maidir le cur i láthair (lena n-áirítear measúnú) na smaointe sin.

Tá ionchur suntasach ag Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide i gcúrsaí deartha. Is forbairtí sa réimse seo a thug uirlisí agus teicnící do dhearthóirí chun gnéithe deartha a fhiosrú agus a léiriú ar bhealaí nach raibh indéanta roimhe. Tríd an ríomhtheicneolaíocht a fhorbairt agus a shaothrú tá uirlis chumhachtach ilúsáideach againn le haghaidh fadhbanna a réiteach go sciobtha agus smaointe deartha a chur i láthair. (ROE, 2009, l. 23)

Ní hamháin go bhfuiltear ag súil le scoláirí a bheith ábalta bogearraí Dearadh Ríomhchuidithe (DRC) tionscalchaighdeánacha a thuiscint agus a úsáid, ach freisin ní mór dóibh a bheith in inmhe fillteáin agus comhaid a bhainistiú agus a eagrú ar chóras ríomhaire agus a gcuid oibre a chur i láthair go leictreonach chomh maith.

Tá áit an-lárnach ag an TFC ní hamháin i measúnú an GDC ach freisin i dteagasc agus i bhfoghlaim an ábhair ach ní hamhlaidh atá i dtaca le hEalaín, Dearadh, Ceardaíocht an Teastais Shóisearaigh. Mar shampla agus an tionscadal TFC á dhéanamh, úsáideann scoláirí TFC go príomha chun taighde a dhéanamh i dtaobh na leathanach Staidéar Tacaíochta a chuireann siad isteach don scrúdú. I láthair na huaire níl se indéanta ag scoláirí in Ealaín Ceardaíocht, Dearadh íomháineachas nó obair a cruthaíodh go hiomlán ar mhodh teicneolaíoch a chur isteach le haghaidh scrúdaithe.

An Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt Inbhuanaithe

Tugann **An Straitéis Náisiúnta Éireannach um Fhorbairt Inbhuanaithe, 2014-2020**, a foilsíodh le déanaí, tugann sí creat don earnáil oideachais chun tacú le todhchaí níos inbhuanaithe agus chun cur léi. Tugann an straitéis creat chun cabhrú leis an gcion atá an earnáil oideachais a dhéanamh agus a leanfaidh sí uirthi a dhéanamh i dtreo todhchaí níos inbhuanaithe.

Is í an aidhm ata ag an Straitéis Náisiúnta um Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe a chinntiú go gcuireann an t-oideachas leis an bhforbairt inbhuanaithe tríd an eolas ábhartha (an ‘t-ábhar’), na príomh-mheonta agus scileanna (an ‘chaoi’) agus na luachanna (an ‘fáth’) a thabhairt d’fhoghlaimoírí a spreagfaidh agus a chumhachtóidh iad ar feadh a saoil chun bheith ina saoránaigh eolasacha ghníomhacha a rachaidh i mbun gnímh ar mhaithe le todhchaí níos inbhuanaithe. (ROE, 2014, l. 3)

Ag tagairt don oideachas, is príomhchuspóir de chuid na straitéise go dtugtar do scoláirí an t-eolas, na meonta, scileanna agus luachanna a spreagfaidh agus a chumhachtóidh iad chun a bheith ina saoránaigh níos gníomhaí agus chun bearta a dhéanamh le saol níos inbhuanaithe a chaitheamh. Déanfar é sin ag an leibhéal iar-bhunscoile trí phríomhscileanna a fhorbairt agus trí théamaí san Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe (OFI) a chomhtháthú trasna ábhair bhainteacha. Ba chóir go bhféachadh oideachas ealaíon sa tsraith shóisearach chuige go léireofaí na féidearthachtaí sin sna rannáin chuí.

Achoimre Rannáin

Tá tionchar ag i bhfad níos mó ar oideachas ealaíon ná an curaclam reatha ealaíne (bunscoile agus iar-bhunscoile). Imreoidh riachtanais polasaí, treoracha measúnaithe agus an teicneolaíocht éiritheach i measc tosca eile, imreoidh siad tionchar ar bhealaí suntasacha ar chineál na sonraíochta a fhorbraítear agus, dá réir sin, ar thaithí scoláirí na Sraithe Sóisearaí.

Is tábhachtach go bhfaigheadh scoláirí taithí ar Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh mar rud éigin ar mó é ná ábhar le haghaidh scoile agus scrúdaithe go díreach. Nuair a cheanglófar taithí ón bhfíorshaol léi, lena n-áirítear ealaín sa phobal, cabróidh sé sin chun dúshraith dhaingean a chur faoin ealaín a fhoghlaimíonn scoláirí agus faoin taitneamh a bhaineann siad aisti. Tá ról le himirt ag Cairt na nEalaíon san Oideachas maidir le taithí scoile agus pobail an scoláire a nascadh le chéile. Trí

thagairtí a dhéanamh do réimsí polasaí amhail An Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt Inbhuanaithe déanfaidh an tsonraíocht naisc idir saol scoile an duine óig agus a fheasacht ar an tsochaí trí chéile agus a bhaint léi.

Beidh tionchar ag an ngearrchúrsa sa Taibhiú Ealaíne ar oideachas ealaíon laistigh den tsraith shóisearach agus beidh spéis ar leith á cur ann agus sonraíocht nua á forbairt. Is sampla é de ghearrchúrsa creatbhunaithe, a éascaíonn úsáid trasna speictream na n-ealaíon agus ní go díreach laistigh de réimse na nAmharc-Ealaíon. Is forbairt mhór é i dtaca leis an gcuraclam de a struchtúr solúbtha agus a chur chuige cumasaithe i leith scoláirí a dhéanamh rannpháirteach i mblaiseadh na n-ealaíon; agus is geall le deis agus le dúshlán é sin dóibh siúd ata bainteach le hoideachas ealaíon.

Do scoláirí atá i mbun na Sraithe Sóisearaí faoi láthair tá an taithí ar phunann teoranta do líon réamhshocraithe píosaí agus leathanach a thiomsú is gá a chur isteach le haghaidh measúnú deireanach na Sraithe Sóisearaí. I roinnt de na curaclaim a athbhreithníodh in Aguisín 1, agus sa ghearrchúrsa i dTaibhiú Ealaíne, luaitear úsáid phunainne i dtéarmaí measúnú níos leithne agus mar chuid de chur i láthair obair an scoláire le haghaidh measúnú deiridh.

Cé gur fada baint a bheith ag punanna sa chiall thraidisiúnta den téarma le healaín agus le hoideachas ealaíon, beidh úsáid ríomh-Phunanna ar chúinsí éagsúla fíorthábhachtach agus an tsonraíocht nua á cur le chéile. Sa mhéid is go gcuireann scoláirí sa tSraith Shinsearach a gcuid oibre ar thionscadal GDC isteach go leictreonach cheana, le cois leagan ar páipéar, tugtar le tuiscint go bhfuil bogadh i dtreo níos mó plé le ríomh-Phunanna ag teacht chun cinn, go hairithe i bhfianaise na foghlama atá ag éirí as rannpháirtíocht na hÉireann sa tionscadal FóilióAE.

Ta scoláirí ag maireachtáil i ndomhan ina bhfuil úsáid TFC ina gnáthrud in idir na híomhánna a fheiceann siad agus fiú i gcruthú na nithe fisiceacha a úsáideann siad. Más rún linn dáiríre an fíorshaol a léiriú ina gcuid foghlama, tá gach aon dealramh go mbeidh gné lárnach chomhtháite TFC le feiceáil i sonraíocht nua ar bith.

4. Guth an Scoláire

Aithnítear trí Alt 12 de *Choinbhinsiún NA um Chearta an Linbh* agus in *Torthaí Níos Fearr Todhchaí Níos Gile - Creatlach an Pholasaí Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga* go bhfuil cead cainte ag scoláirí faoina gcuid oideachais. Faoi láthair, tá an CNCM ag comhoibriú le Scoil an Oideachais, Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath agus le Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha (NAPD) ar thionscadal taighde go socrófar cén chaoi is fearr chun guthanna agus léargais scoláirí a fháil ó fhíorthús an phróisis ar shonraíocht a fhorbairt don tsraith shóisearach. Tríd an tionscadal, go dtí seo, tiomsaíodh freagairt agus ionchur scoláirí i leith roinnt cáipéisí curaclaim.

Is é atá i gceist leis an tionscnamh Guth an Scoláire tuairimí scoláirí a fháil amach i roinnt iarbhunscoileanna ar fhorbairtí i gcúrsaí curaclaim agus measúnaithe. Is é cuspóir an tionscadail dul i gcomhairle le scoláirí mar shaineolaithe ar a dtaithe féin ar chúrsaí foghlama, a léargais a chur san áireamh tríd an deis seo ar chomhthógáil an churaclaim, agus go háirithe tuiscintí scoláirí a fháil ar na hathruithe atá molta in Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh mar chuid den *Chreat nua don tSraith Shóisearach*. Maidir le hEalaín, Ceardaíocht, Dearadh, ta ionchur scoláirí á lorg ó fhíorthús an phróisis fhorbartha, ag tosú le forbairt an doiciméid eolais seo.

Sa chás seo, is é a bhí sa chomhairliúchán bualadh le grúpaí scoláirí ar thrí ócáid i ngach ceann de thrí scoil a bhí páirteach. Bhí scoláirí sna grúpaí

- a chríochnaigh Ealaín, Dearadh, Ceardaíocht an Teastais Shóisearaigh
- atá ag dul d'Ealaín, Dearadh, Ceardaíocht an Teastais Shóisearaigh sa scoilbhliain reatha
- a thug faoin ábhar don chéad uair sa tsraith shinsearach
- atá ag déanamh staidéir ar an Ealaín ag an tríú leibhéal.

Lean an próiseas comhairliúcháin den chur chuige céanna ar fud na dtrí scoil agus rinne baill den fhoireann taighde freastal ar na seisiúin ar gach ócáid. Is mar seo thíos go hachomair a bhí na cruinnithe:

Cruinniú 1: Ba é an sprioc a bhí leis an gcéad chruinniú teacht ar chomhthuiscint faoin bpróiseas comhairliúcháin é féin agus ar an téarmaíocht/teanga a bheadh in úsáid agus plé ar siúl faoi Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh. Mar fhreagra ar an bplé tosaigh sin, cumadh ceisteanna a bheadh mar bhonn do sheisiúin na ngrúpaí fócais d'fhonn freagraí a ullmhú le haghaidh dara cruinniú na scoláirí leis an bhfoireann taighde.

Cruinniú 2: Tríd an dara cruinniú seo bhí deis ag scoláirí a gcuid smaointe i dtaca le sonraíocht nua don tSraith Shóisearach a shoiléiriú tuilleadh. Agus iad ag úsáid an tacair ceisteanna a cumadh ón gcéad chruinniú, bhí scoláirí ábalta díriú ar réimse ar leith topaicí agus iad sin a phlé níos mine leis an bhfoireann agus lena chéile. Thug sé sin an t-am do scoláirí a gcuid smaointe a eagrú chun iad a chur i láthair na foirne ag an tríú cruinniú. Ag deireadh an dara seisiún seo shainigh scoláirí na téamaí a mheas siad a bheith án-tábhachtach le cur san áireamh san fhorbairt ar shonraíocht nua.

Cruinniú 3: Is í an aidhm a bhí leis an gcruinniú deiridh, a stiúir na scoláirí, deis a sholáthar do na scoláirí chun cuntas a thabhairt ar a bhfís agus a léargais ar oideachas ealaíon sa tSraith Shóisearach. Léirigh struchtúr an tseisiúin seo na roghanna ab fhearr le gach grúpa aonair agus dá réir sin bhí an leagan amach difriúil i ngach scoil. Tháinig na téamaí céanna aníos sna trí fócasgrúpaí cé go mba léir gur chuir gach grúpa béim dhifriúil ar roinnt rudaí agus gur lean siad cuir chuige ar leith chun a gcuid smaointe a chur i láthair.

Ba iad na téamaí comónta ar fud na dtrí scoil gur chóir do shonraíocht na Sraithe Sóisearaí:

- freastal ar stíleanna/roghanna aonair scoláirí, lena n-áirítear an t-am chun an fhorbairt seo agus na próisis a bhain léi araon a fhorbairt agus a léiriú
- teagmhas a bheith ann don Ealaín Dhigiteach a chur isteach le haghaidh measúnaithe – píosaí a cruthaíodh go hiomlán mar phíosaí digiteacha nó mar mheascán de shaothair lámhdhéanta agus dhigiteacha de réir mar a mheasann an scoláire is cuí
- deiseanna a sholáthar do scoláirí chun
 - leabhair nótaí/leabhair sceitseála/dialanna a chruthú agus a choimeád
 - úsáid a bhaint as dánlanna/músaeim agus ealaíontóirí fíora

- ráiteas scoláire/ealaíontóra a chruthú le cur isteach lena gcuid oibre – bíodh sé ó bhéal, i bhfíseán nó scríofa
 - Úsáid a bhaint as foinsí príomha, samhlaíocht, stiúideo/spásanna oibre
 - bheith páirteach in obair chomhoibríoch
- saoirse rogha a bheith ag scoláirí chun a dtúsphointe féin a shocrú don obair thionscadail scrúdaithe s'acu nó ceann a phiocadh a thugann Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

Bhí an obair agus na smaointe a léirigh na scoláirí fíorshaibhir agus fíoréagsúil agus cabhróidh sí le bonn eolais a chur faoin tsonraíocht in Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh na Sraithe Sóisearaí. Tá sé i gceist ag an CNCM dul ar ais chuig na scoileanna agus chuig na scoláirí seo agus an tsonraíocht á forbairt chun tuilleadh aiseolais a fháil agus chun an próiseas seo a forbairt go ndéanfar comhthógáil an churaclaim a chomhtháthú trí Ghuth an Scoláire mar chuid de gach comhairliúchán amach anseo.

5. Sonraíocht na hEalaíne sa tsraith shóisearach nua

Bíodh is go mbeidh saintréithe ar leith ag baint le cuid díobh, de réir an réimse foghlama a bhíonn i gceist, beidh gnéithe coiteanna áirithe ag roinnt le gach sonraíocht, d'ábhair agus gearrchúrsaí aron sa tsraith shóisearach:

- beidh siad bunaithe ar thorthaí
- léireoidh siad contanam foghlama le fócas ar dhul chun cinn an fhoghlaimeora
- leagfaidh siad amach ionchais shoiléire foghlama
- soláthróidh siad samplaí de na hionchais sin
- cuirfidh siad béim ar litearthacht, uimhearthacht agus príomhscileanna
- féachfaidh siad chuige go mbeidh an teanga soiléir agus an téarmaíocht comhsheasmhach.

Chun an nasc le foghlaim agus le teagasc sa bhunscoil a fheabhsú, tá na tréithe sin le fáil freisin i gCuraclam na Bunscoile. Cuimseoidh an tsonraíocht do gach ábhar agus do gach gearrchúrsa sa tsraith shóisearach na nithe seo a leanas:

1	Intreoir don tsraith shóisearach	Beidh sí seo mar an gcéanna do gach sonraíocht agus déanfar achoimre inti ar na príomhghnéithe sa Chreat don tSraith Shóisearach.
2	Aidhm	Tabharfar anseo cur síos gonta ar aidhm an ábhair.
3	Réasúnaíocht	Déanfar cur síos anseo ar chineál agus ar chuspóir an ábhair chomh maith leis na riachtanais agus na hinniúlachtaí ginearálta a chuirfidh sé ar scoláirí agus a éileoidh sé orthu. Déanfar iarracht sa téacs, mar is cuí, aird a tharraingt ar dhúshláin agus ar aon cheist rochtana a bhaineann le staidéar a dhéanamh ar an ábhar do scoláirí a bhfuil sainriachtanais acu nó scoláirí faoi mhíchumais.
4	Nascann le <ul style="list-style-type: none">• Ráitis Foghlama	Aibhseofar agus míneofar anseo an chaoi a bhfuil an t-ábhar nasctha le gnéithe lárnacha foghlama agus teagaisc

	<ul style="list-style-type: none"> • Príomhscileanna 	sa tsraith shóisearach.
5	<p>Forbhreathnú</p> <ul style="list-style-type: none"> • Snáitheanna • Torthaí Foghlama 	Léireoidh forbhreathnú ar an ábhar an chaoi a bhfuil sé eagraithe agus leagfar amach ann, i sraith snáitheanna agus torthaí foghlama, an fhoghlaim a bhíonn i gceist.
6	Ionchais maidir le scoláirí	Beidh siad seo nasctha le grúpaí de thorthaí foghlama agus bainfidh siad le samplaí d'obair scoláirí. Beidh nótaí curtha leis na samplaí, ina mínítear cé acu atá an obair ag teacht le hionchais do scoláirí, chun tosaigh orthu, nó taobh thiar dóibh.
7	Measúnú agus Teistiúchán	<p>Tagraíonn an rannán seo do mheasúnú foirmitheach agus suimitheach araon. Tugtar ann breac-chuntas ar chomhpháirt/eanna an mheasúnaithe trína gcuirfidh scoláirí fianaise ar fhoghlaim i láthair ar bhonn leanúnach, agus d'fhonn gnóthachtáil a thairfead le haghaidh Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)¹</p> <p>Cuirtear leis an gcur síos seo ar an measúnú trí shonraíochtaí measúnaithe agus trí threoirínte ar leith a bheidh le húsáid sa dara agus sa tríú bliain.</p>

¹ Is é an PGSS an gradam nua do gach scoláire sa tsraith shóisearach. Glacfaidh sé áit an ghradaim reatha, an Teastas Sóisearach.

6. Coimre don Athbhreithniú ar Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh na Sraithe Sóisearaí

De thoradh an athbhreithnithe ar Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh na Sraithe Sóisearaí cruthófar sonraíocht ar aon dul leis an teimpléad thuas.

Beidh an tsonraíocht ag gnáthleibhéal. Dearfar í chun a teagasc agus a meas in 200 uair ar a laghad agus déanfar í a struchtúrú nó a eagrú ina snáitheanna agus ina torthaí foghlama.

Forbrófar an tsonraíocht i gcomhréir leis na ráitis foghlama, lena n-áirítear maidir leis an scoláire:

- cruthaíonn agus léiríonn siad saothair ealaíne agus tuigeann na próisis agus na scileanna a bhaineann leo
- tá tuiscint agus meas acu ar an gcaoi ar chuir luachanna, creidimh agus traidisiúin éagsúla leis na pobail agus leis an gcultúr ina maireann siad
- tá meas acu ar an oidhreacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tuigeann siad an tábhacht atá ag an ngaol idir eachtraí atá thart agus eachtraí reatha agus na fórsaí is cúis le hathrú
- úsáideann siad teicneolaíochtaí oiriúnacha chun dúshlán dearaidh a sháru
- cuireann siad scileanna praiticiúla i bhfeidhm de réir mar a fhorbraíonn siad múnlaí agus táirgí ag baint úsáid as ábhair agus as teicneolaíochtaí éagsúla
- tugann siad smaoineamh ón gcoincheap go dtí an fíorú
- úsáideann an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteach chun foghlaim, cumarsáid, obair a dhéanamh agus chun smaoineamh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticúil

Déanfar príomhscileanna na sraithe sóisearaí, lena n-áirítear an litearthacht agus an uimhearthacht, a leabú i dtorthaí foghlama na sonraíochta, mar is cuí.

Críochnófar í le haghaidh Fómhar 2017.

Cuirfidh san áireamh i bhforbairt na sonraíochta nua taighde reatha agus forbairtí i réimse na n-ealaíon san oideachas, tuiscintí atá ag teacht chun cinn ar inneachar agus ar nádúr an oideachais in ealaín, ceardaíocht, dearadh, agus an gá le hailíniú le forbairt leanúnach na straitéise uimhearthachta agus litearthachta.

Tabharfaidh forbairt na sonraíochta nua aghaidh ar leanúnachas agus ar dhul chun cinn. Measfaidh sí cé acu is ceart ealaín, ceardaíocht, dearadh a theagasc ar bhonn níos leithne agus níos ginearálta sa chéad bhliain agus béim ar leith ar an bhfoghlaim ón mbunscoil a dhaingniú agus ar fhorbairt a dhéanamh ar thuiscint scoláirí ar na naisc thraschuraclaim, na scileanna agus na meonta is féidir leis an ealaín a chruthú nuair a chónasctar í leis an bhfoghlaim in ábhair eile. Mar shampla, fiontraíocht i staidéar gnó, an tuiscint ar chultúr amhairc sa stair agus léiriú smaointe eolaíochta tríd an ealaín.

Measfar inti cé acu a fhanfaidh trí réimse na healaíne, na ceardaíochta agus an deartha in áit agus/nó de réir an choibhneasa reatha, go háirithe i bhfianaise na n-éileamh ar níos mó béime a bheith ar réimsí amhail scileanna digiteacha, nuálaíocht, cruthaitheacht agus eolas agus tuiscint aeistéitiúil an scoláire. Agus na ceisteanna sin á gcur sa reicneáil, is féidir freisin go mba ghá athbhreithniú a dhéanamh ar theideal reatha an ábhair “Ealaíon, Ceardaíocht, Dearadh”.

Ar fud na sonraíochta díreofar ar agus léireofar forbairt scileanna digiteacha agus an ról a imríonn TFC i saol na healaíne, na ceardaíochta agus an deartha.

Tabharfaidh forbairt na sonraíocht nua faoi na nithe seo go speisialta:

- Cuspóirí Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh na Sraithe Sóisearaí, á ndéanamh trédhearcach agus soiléir sa tsonraíocht do scoláirí, múinteoirí agus tuismitheoirí
- Conas a chuirfear teagasc agus foghlaim phraiticiúil agus ar bhonn fiosraithe chun cinn
- Conas a bheidh an cúrsa eagraithe; cé acu a leanfaidh sé den struchtúr céanna thart ar na trí phríomhreamse Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh, nó cé acu is féidir aonaid théamacha eile a chur leis

- Leanúnachas agus dul chun cinn: conas ceangal le foghlaim ábhartha ag an mbunleibhéal agus tógáil uirthi, chomh maith le hardán a chur ar fáil chun staidéar a dhéanamh ar na hábhair Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh ag an tSraith Shinsearach
- Conas is féidir leis an tsonraíocht, ina cur i láthair agus ina réim teanga, a bheith an-scoláire-lárnach agus trí aitheantas a thabhairt do Ghuth an Scoláire fócas soiléir a bheith aici ar an méid is féidir le scoláirí a dhéanamh chun a gcuid scileanna, inniúlachtaí agus éachtaí a fhorbairt agus a léiriú
- Conas is féidir leis an tsonraíocht cruthaitheacht, nuálaíocht, scileanna ealaíne agus smaointeoireacht aeistéitiúil scoláirí a fhorbairt
- Conas is féidir leis an tsonraíocht meon agus gníomhartha scoláirí i leith cleachtais in Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh a fhorbairt go háirithe i dtaca leis an tsochaí agus an inbhuanaitheacht
- Conas is féidir suimeanna pearsanta agus pobail faoi Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh a úsáid mar phointe tagartha óna sonraítear an curaclam
- An bhéim a chuirtear ar phlé, anailís agus tuiscint ar an teanga, na hábhair agus na cuir chuige a bhaineann le hEalaín, Ceardaíocht, Dearadh
- Tionchar tosca teicneolaíocha, sóisialta agus eiticiúla atá ina gcuid lárnach den saol comhaimseartha agus a théann i gcion ar Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh
- Úsáid na teicneolaíochta agus uirlisí na meán digiteach sna próisis a bhaineann le cruthú táirgí in Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh chomh maith le modh an mheasúnaithe
- Measúnú leanúnach ar fhoghlaim scoláirí agus ina theannta sin na comhpháirteanna a bhaineann le measúnú don teistiúchán.

Beidh obair na Meithle Forbartha ar Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh bunaithe ar an gcoimre seo ar an gcéad dul síos. Agus an grúpa i mbun oibre agus plé, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí roinnt de na pointí seo a fhorhíniú agus go gcuirfí pointí eile leis an gcoimre.

7. An tAthbhreithniú Idirnáisiúnta: Achoimre

Tugann Aguisín 1 den doiciméad eolais seo breac-chuntas ar na cuir chuige i gcuraclaim ealaíne i dtíortha eile. Is é seo an t-ord ina bhfuil na córais/na tíortha atá i gceist: an Baccalauréat Idirnáisiúnta; An Nua-Shéalainn; An Astráil; an RA; Albain. Siúd is go bhfuil a chur chuige féin ag gach curaclam chun cur síos a dhéanamh ar an bhfoghlaim ionchasach in ealaín, ceardaíocht, dearadh da gcuid scoláirí, tá cosúlachtaí eatarthu ar fiú iad a lua agus a chur san áireamh don chomhairliúchán ar an doiciméad eolais seo. Liostaítear thíos roinnt de na ceisteanna a bheifear a phlé.

Cé gur fíor a rá gurb iad na scoláirí príomhfhócas na gcuraclam uile, tá Curaclam Barr Feabhais na hAlban iontach “scoláire-lárnach” ina gcur chuige. Scríobhadh a gcuid torthaí foghlama chun léiriú a thabhairt ar fhocail na scoláirí trí ráitis “Is féidir liom...” a úsáid. Is chun an scoláire a thabhairt níos gaire don rud atá siad a fhoghlaim agus chun cabhrú leo na spriocanna éagsúla a socraíodh a bhaint amach a dhéantar é sin.

Luaitear i ndoiciméid churaclaim na hAlban, na hAstráile agus na Nua-Shéalainne ar fad tábhacht na nEalaíon agus maítear iontu gur féidir eispéiris i ndamhsa, drámaíocht agus amharc-ealaín a áireamh mar ghníomhaíochtaí a bhfuil na torthaí foghlama céanna ag roinnt leo trí fhréamh chomónta na nEalaíon. Is as an bhfréamh chomónta sin a forbraíodh torthaí foghlama níos mionsonraithe, a bhaineann le gach géag ar leith sna healaíona.

I gcuraclaim an Baccalauréat agus na hAlban, is léir gur cuid d’fhorbairt scoláire iad na scileanna, ach tá béim freisin ar a bhforbairt leathan trí inniúlachtaí nó trí réimse scileanna foghlama níos leithne, mórán ar nós na bpríomhscileanna sa tSraith Shóisearach.

Tá leabhair nótaí amhairc nótaílte agus tábhachtach in idir phróiseas agus mheasúnú i roinnt de na curaclaim a ndearnadh athbhreithniú orthu. Sainítear Dialann Próiseas Ealaíon, cuir i gcás, mar dhlúthchuid den fhianaise ar fhoghlaim an scoláire. Sa RA, sainítear Punann Oibre mar áis ina gcoinnítear bailiúchán sínte d’obair an scoláire ó thionscadal.

Aithnítear i gcuraclam Ealaíona na Nua-Shéalainne go mbeidh deiseanna ann do scoláirí chun iniúchadh agus cumarsáid a dhéanamh trí na hAmharc-Ealaíona trí úsáid na teicneolaíochta agus chleachtais ildisciplíneacha. Sa sampla a tugadh de churaclam na hAstráile breathnaíodh ar a gcur chuige i leith Ealaíona na Meán-agus na nAmharc-Ealaíon araon, inar aithníodh gur chóir do scoláirí na scileanna a fhorbairt a theastaíonn chun a gcuid smaointe a chur in iúl trí fhoirmeacha 2-T, 3-T agus 4-T.

Ba chuid de gach ceann de na curaclaim atá i gceist cuir chuige phearsanta scoláirí i leith na healaíne le haghaidh cumarsáide agus feinléirithe araon. Aithnítear i gcuraclam na hAstráile áfach, an tábhacht a bhaineann leis sin a chur i láthair lucht féachana. Léirítear i ndoiciméadúchán na Nua-Shéalainne freisin an gá go gcuirfí san áireamh tionchair ón tsochaí trí chéile agus ó chultúir níos leithne. Beidh sé tábhachtach de réir mar a bhíonn scoláirí ag foghlaim agus ag forbairt a gcuid scileanna san ealaín go dtugtar an deis dóibh e sin a thaispeáint do lucht féachana níos leithne agus níos fíre, amhail a bpobal áitiúil.

Bíodh is gur samplaí aibhsithe na gnéithe a luaitear thuas, is bunús iad le haghaidh réimsí taiscéalaíochta atá le cur san áireamh sa phróiseas comhairliúcháin.

Léirítear in Aguisín 1 ábhar a bhaineann le curaclaim ealaíon i dtíortha eile, a thugann comhthéacs trínar féidir forbairt na sonraíochta a mheas.

8. Ceisteanna le haghaidh Comhairliúcháin

Breathnaíodh sa doiciméad eolais seo ar an ról a bheadh ag sonraíocht nua ar bith in Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh na Sraithe Sóisearaí mar chuid d'fhorbairt leanúnach scoláirí trína gcuid foghlama in Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh, ag tosú le Creat Aistear, trí Churaclam na Bunscoile agus ar fud na Sraithe Sóisearaí go dtí an tSraith Shinsearach. Díreofar sa chomhairliúchán ar cheist an leanúnachais agus, chomh maith leis sin, ar a mbeidh de dhíth ar scoláirí ó shonraíocht nua in Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí. Díreoidh an comhairliúchán aird freisin ar fhorbairtí amhail an Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt Inbhuanaithe agus Cairt na nEalaíon san Oideachas. Lorgófar tuairimí ar an tionchar a ba chóir a bheith ag an dá thionscnamh sin ar fhorbairt na sonraíochta.

Ní inniu ná inne a thosaigh ealaíontóirí a úsáid Punanna agus, de réir forbairtí idirnáisiúnta curaclaim (féach Aguisín 1), ba chóir a bhfeidhm a mheas mar chaoi chun corpas de shaothar scoláire a bhailiú. Rud níos tábhachtaí ná sin arís áfach, is ea úsáid coimeádaíochta punanna ag scoláirí inar féidir leo a roghnú cén obair a thaispeántar ar bhealach níos suntasaí ag amanna áirithe.

Beidh tábhacht freisin le haiseolas ar úsáid TFC in Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh i bpróisis agus i measúnú araon. Nótáladh é sin trí thionscnamh Ghuth an Scoláire agus in inneachar curaclaim éagsúla chomh maith. Ceist eile is gá a thógáil freisin is ea úsáid ríomh-Phunanna le haghaidh an ábhair Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh. Is fairsing agus is éagsúil go maith na roghanna stóras ar líne agus coimeádaíochta atá ann, ina measc cinn shaora, cinn shaincheaptha agus cinn dhílsithe. Tá scoileanna tar éis tosú a bhogadh sa treo sin, mar sin de tá sé ar fáil cheana do roinnt scoláirí. Breathnaíodh trí thionscadal FóilióAE, a chríochnóidh i mí Aibreáin 2015, ar na ceisteanna seo agus is díol spéise a bheidh iontu ag lucht déanta polasaí agus ag an Meitheal Forbartha d'Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh.

Ó tharla go bhfuil comhpháirt TFC-bhunaithe ag baint le Grafaic Dhearthra agus Chumarsáide le haghaidh scrúdaithe ag leibhéal na Sraithe Sinsearaí cheana, tá an bhunobair a luadh sa doiciméad eolais seo ar fáil chun anailís a dhéanamh uirthi. Is réimse é ina lorgófar tuairimí agus muid ag breathnú ar bhaint TFC in Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh na Sraithe Sóisearaí sa phróiseas comhairliúcháin.

Aguisín 1

Is téama a thagann aníos sna sonraíochtaí curaclaim i dtíortha eile é comhtháthú na ngnéithe difriúla den Ealaín nó oideachas na nAmharc-Ealaíon. Bíonn cur chuige comhtháite i leith na nEalaíon trí chéile i gcuid acu agus Amharc-Ealaíona á n-aithint mar fho-rannán i gcuraclam uileghabhálach, faoi mar atá i gcás Churaclam na Bunscoile in Éirinn. Tugann na samplaí seo a leanas roinnt peirspictíochtaí ar struchtúr curaclaim ón Baccalauréat Idirnáisiúnta, an Nua-Shéalainn, an Astráil, an RA agus Albain.

Baccalauréat Idirnáisiúnta (BI)

Ceapadh Clár Meánbhlianta (CMB) an Baccalauréat Idirnáisiúnta do scoláirí 11-16 bliana d’aois agus dá réir sin freastalaíonn sé ar scoláirí atá an aois chéanna leo siúd atá i gceist sa tSraith Shóisearach.

Aithníonn an CMB:


- amharc-ealaín agus meáin mar amharc-ealaíona
- drámaíocht, ceol agus damhsa mar ealaíona taibhiúcháin

In ealaíona CMB, bíonn deiseanna ag scoláirí feidhmiú mar ealaíontóirí, chomh maith le bheith ina bhfoghlaimoírí ealaíne. Ní mór d’ealaíontóirí a bheith fiosrach. Trí fhiosracht a fhorbairt fúthu féin, daoine eile agus an domhan, éiríonn scoláirí ina bhfoghlaimoírí éifeachtacha, ina bhfiosraitheoirí agus ina bhfuascailteoirí fadhbanna cruthaitheacha. Forbraíonn scoláirí trí ealaíona a chruthú, a thaibhiú agus a léiriú ar bhealaí a mheallann agus a chuireann in iúl mothúcháin, eispéiris agus smaointe. Is rannpháirtíocht sna healaíona a spreagann scoláirí chun na healaíona a thuiscint i gcomhthéacs agus startha cultúrtha saothair ealaíne, agus mar sin de cabhraíonn sí le cruinneshamhail fhiosrach agus chomhbhách. Is tríd an gcleachtas sin a shealbhaíonn scoláirí scileanna nua agus a fhaigheann siad máistreacht ar fhoghlaim a bhí déanta acu roimhe.

Aithníodh an chruthaitheacht ina príomhchoincheap laistigh den CMB agus tá sí inchomparáide le ‘Bheith Cruthaitheach’ ceann de príomhscileanna na sraithe sóisearaí nua. Ba chóir scoláirí a spreagadh agus a chumasú chun rioscaí cruthaitheacha a ghlacadh agus chun smaointe a fhiosrú i bpróiseas agus i gcruthú an táirge trí chuir chuige ghnásúla agus neamhghnásúla araon.

Spriocanna Ealaíona an CMB

Is iad ceithre spriocanna ealaíona an CMB Bheith Feasach agus Tuisceanach, Scileanna a Fhorbairt, Smaoineamh go Cruthaitheach, agus Freagairt. Cuimsíonn spriocanna ealaíona an CMB diminsin fhíorasacha, choincheapúla, ghnásúla agus mheiteachognaíocha an eolais. Spreagtar múinteoirí in ealaíona an CMB aonaid staidéir agus tascanna iomlánaíocha measúnú suimitheach a dhearadh, a thabharfadh faoi iliomad spriocanna nuair is féidir.



Spriocanna Ealaíona an CMB

(Treoirleabhar Ealaíon, CMB, Baccaurát Idirnáisiúnta, 2014, l. 13.)

Bheith feasach agus tuisceanach:

Trí staidéar a dhéanamh ar theoiricthe agus ar chleachtóirí na n-ealaíon, faigheann scoláirí amach faoi aeistéitic na bhfoirmeacha ealaíne agus bíonn siad ábalta anailís agus cumarsáid a dhéanamh i dteanga speisialaithe.

Scileanna a fhorbairt:

Tugann sealbhú agus forbairt scileanna an deis le haghaidh rannpháirtíocht ghníomhach i bhfoirm na healaíne agus i bpróiseas cruthú ealaíne.

Smaoineamh go cruthaitheach:

Spreagann na healaíona scoláirí chun fiosracht a fhorbairt agus teorainneacha a iniúchadh go coinsiasach agus a ndúshlán a thabhairt.

Freagairt:

Ba chóir go mbeadh an deis ag scoláirí freagairt dá ndomhan féin, dá gcuid ealaín féin agus d'ealaín daoine eile.

Scileanna Cuir chuige i leith na Foghlama

Ó tharla gur sprioc ealaíne agus scil cuir chuige i leith na foghlama (CCF) araon é smaoineamh go cruthaitheach, is féidir le múinteoirí aonaid oibre a dhearadh a dhíríonn ar cheachtar acu an sprioc nó an scil, nó ar an dá chuid mar is iomchuí. Ta scileanna CCF an-chosúil ina ndéanamh le Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí nua. Liostaítear i dTábla 5 ó Dhréacht-Treoir Ealaíon an Baccalauréat Idirnáisiúnta thíos, na scileanna cuir chuige i leith na foghlama (CCF) chomh maith le samplaí de tháscairí do na scileanna sin sna healaíona.

Catagóir scile	Táscaire Scile
Scileanna Smaointeoireachta	Dialann phróiseas na smaointeoireachta cruthaithe a mhapáil chun smaointe agus ceisteanna nua a ghiniúint.
Scileanna Sóisialta	Oibriú go comhoibríoch ar fhoireann léirithe le róil agus freagrachtaí sannta.
Scileanna Cumarsáide	Éisteacht go gníomhach agus tacú le tuairimí nó le dearcaí daoine eile.
Scileanna Féinbhainisteoireachta	An sceideal réamhchleachta le haghaidh léiriúcháin a phleanáil nó an t-am a phleanáil a theastaíonn chun taispeántas a chruthú.

Scileanna Taighde	Cláir tobsmaointe, sceitsí agus/nó clárscéalta a chruthú, a aistríonn smaoineamh ina chleachtas.
-------------------	--

Tábla 5 (Treoirleabhar Ealaíon, CMB, Baccalauréat Idirnáisiúnta, l. 26)

Cabhraíonn cúrsaí ealaíne CMB go háirithe chun scoláirí a ullmhú le haghaidh staidéar a dhéanamh ar Amharc-Ealaíona, ceol, amharclannaíocht, damhsa, scannánú agus litríocht agus taibhiú i gClár Diplóma (CD) an BI ag ardleibhéal nó ag gnáthleibhéal. Is gá go méadódh an réimse scileanna, teicnící, straitéisí agus coincheapa a mheastar, chomh maith le coimpléascacht a bhfeidhmíte, de réir mar bhogann scoláirí suas tríd an gclár. Ba ghá freisin go ndéanfaí ionchais an mhúinteora soiléir do scoláirí trí shoiléirithe tasc-sainiúla ag tús gach aonaid staidéir. Úsáideann CMB coincheapa agus comhthéacsanna mar thúsphointí le haghaidh comhtháthú bríoch agus aistriú coinsiasach eolais trasna grúpaí ábhair agus disciplíní.

Riachtanais Ealaíona an CMB

Teastaíonn ar a laghad 50 uair d'am teagaisc ón CMB do gach grúpa ábhair i ngach bliain den chlár, do scoláirí áfach, atá ag dul de CMB an BI agus ar mian leo torthaí a fháil a chuirfidh le bronnadh Teastas CMB an BI, ba chóir go gcuimseodh cúrsaí ar a laghad 70 uair d'am teagaisc sa dá cheann den dá bhliain dheireanacha den chlár.

Dialann Phróisis Ealaíon an CMB

Ní mór do scoláirí dialann phróisis na n-ealaíon a úsáid i ngach cúrsa ealaíne CMB. Is téarma cineálach é dialann na bpróiseas don taifead fabhráithe seo de rúin, próisis, éachtaí agus turas ealaíne, an ábhar ealaíontóra. Is iomaí cineál slí chun an próiseas a dhoiciméadú ag brath ar roghanna an scoláire. Is féidir cruth scríofa, amhairc, fuaime a bheith air nó meascán díobh sin agus is féidir idir leaganacha páipéir agus leictreonacha a bheith i gceist. Is féidir le scoláirí a bhformáid agus a ndearadh féin a fhorbairt, cé go dtig le scoileanna teimpléid nó samplaí a sholáthar d'fhonn tacú le hobair scoláirí.

Cé go bhfuil inléiteacht tábhachtach, is tábhachtaí ná néatacht agus ná cur i láthair an ábhair an taifead a dhéantar ar smaointeoireacht agus ar athmhachnamh criticiúil agus cruthaitheach. Ní mór fianaise a sholáthar ar gach ceann de chuspóirí ealaíne an CMB trí bhíthin dhialann phróisis na n-

ealaíon. Úsáideann scoláirí dialann phróisis na n-ealaíon le linn gach bliana sa chlár chun fianaise agus tacaíocht a chur i dtoll a chéile dá gcuid foghlama i ngach ceann de na ceithre cuspóirí sa CMB.

Teagasc agus Foghlaim trí Fhiosrúchán:

Is é a bhíonn i gceist le fiosrúchán tuairimíocht, iniúchadh, ceistiúchán agus nascadh. I ngach clár de chuid an BI, forbraíonn an fiosrúchán fiosracht agus cothaíonn sé smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach. Sa chiall is leithne de, is é an próiseas a úsáideann daoine chun bogadh go dtí leibhéal níos doimhne tuisceana. Cumadh tacar de chritéir nó de ráitis a thugann breac-chuntas ar an méid a ba chóir do scoláirí a bheith ábalta a dhéanamh ag deireadh bhliain a 5 den CMB. Cinntíonn próiseas modhnóireacht sheachtrach go mbíonn caighdeán cruinn agus go gcuirtear i bhfeidhm iad go comhsheasmhach.

Curaclam Ealaíon na Nua-Shéalainne:

Te toi whakairo, ka ihiihi, ka wehiwehi, ka aweawe te ao katoa.

Sároilteacht san ealaín a thugann ar an saol suí aniar agus iontas air.

Is foirmeacha cumhachtacha léirithe iad na healaíona a thugann aitheantas agus meas do charachtar uathúil déchultúrtha agus ilchultúrtha Aotearoa na Nua-Shéalainne agus a chuireann leis, ag saibhriú saol na Nua-Shéalannach ar fad. Tá a dteangacha sainiúla féin ag na healaíona ina n-úsáidtear gnásanna briathartha agus neamhbhriathartha araon, trí mheán próisis agus teicneolaíochtaí roghnaithe. Trí ghluaiseacht, fuaim agus íomhá, athraíonn na healaíona smaointe cruthaitheacha daoine ina saothair léiritheacha a chuireann sraitheanna bríonna in iúl.

Oideachas Ealaíon

Déanann oideachas ealaíon iniúchadh ar léirithe uathúla ealaíne den fhéin, den phobal agus den chultúr, ag tabhairt a ndúshláin, á ndearbhú agus á gceiliúradh. Cuimsíonn sé *toi Māori* (Ealaíona Māoracha), agus meas aige ar chineálacha agus ar chleachtais taibh-ealaíona, ceol-ealaíona, agus amharc-ealaíona traidisiúnta agus comhaimseartha na Māorach.

Nuair a bhítear ag foghlaim sna healaíona, agus tríothu agus fúthu, spreagtar gníomhaíocht agus freagairt chruthaitheach trí shamhlaíocht, céadfaí agus mothúcháin a mhealladh agus a nascadh. Trí pháirt a ghlacadh sna healaíona, cuirtear freisin le leas pearsanta scoláirí. De réir mar a chuireann scoláirí smaointe in iúl agus a léirmhíonann siad iad laistigh de chreata cruthaitheacha, aeistéitiúla agus teicneolaíocha, cuirtear lena bhféinmhuinín dul san amhantar. Cabhraíonn staidéar

speisialaithe le scoláirí chun a bhfís, inniúlachtaí agus fuinneamh a chur le tionscnaimh ealaíon agus le tionscail chruthaitheacha. Sna healaíona, foghlaimíonn scoláirí chun obair a dhéanamh go neamhspleách, agus go comhoibríoch chun bríonna a chomhthógáil, oibreacha a chruthú agus freagairt d'ionchuir daoine eile agus meas a thaispeáint dóibh. Foghlaimíonn siad chun samhlaíocht a úsáid chun dul i ngleic le torthaí nach mbíonn súil leo agus chun iliomad roghanna a fhiosrú. Is mór ag oideachas ealaíon eispéiris leanaí óga agus tógann sé orthu sin le sofaisticiúlacht agus le castacht mhéadaithe de réir mar a fhorbraíonn siad ó thaobh eolais agus scileanna de. Trí litearthachtaí ealaíon a fhorbairt, bíonn scoláirí ábalta, mar chruthaitheoirí, léiritheoirí, lucht féachana agus lucht éisteachta, páirt a ghlacadh sna healaíona, á léirmhíniú, meas a bheith acu orthu agus taitneamh a bhaint astu ar feadh a saoil.

Réimse Foghlama na nEalaíon

Cuimsíonn réimse foghlama na nEalaíon ceithre dhisciplín: damhsa, drámaíocht, ceol – fuaim-ealaíona, agus amharc-ealaíona. Trí chleachtais ealaíon agus trí theicneolaíochtaí traidisiúnta agus úra a úsáid, gintear agus beachtaítear smaointe ealaíne scoláirí trí thimthriallta gníomhaíochta agus athmhachnaimh.

Déantar gach disciplín a struchtúróthart ar cheithre snáitheanna gaolmhara:

1. Na hEalaíona i gComhthéacs a Thuiscint
2. Eolas Praiticiúil a Fhorbairt sna hEalaíona
3. Smaointe a Fhorbairt sna hEalaíona
4. Cumarsáid agus Léirmhíniú a Dhéanamh sna hEalaíona

Le linn bhlianta 1–8, foghlaimíonn scoláirí i ngach ceann de na ceithre disciplíní. Le linn bhlianta 9–10, foghlaimeoidh siad in ar a laghad dhá cheann acu agus i mblianta 11–13 is féidir leo sainstaidéar a dhéanamh i gceann amháin de na disciplíní nó níos mó, nó tabhairt faoi staidéar sna hilmheáin agus i dteicneolaíochtaí úra eile.

Amharc-ealaíona

Trí bheith rannpháirteach sna hamharc-ealaíona, foghlaimíonn scoláirí conas a n-amharc-dhomhan féin agus ceann daoine eile a bhrath, páirt a ghlacadh ann agus é a cheiliúradh. Tosaíonn foghlaim sna hamharc-ealaíona le fiosracht agus le haoibhneas leanaí ina gcuid céadfaí agus scéalta agus

síneann sí as sin go smaointe agus coincheapa casta a chur in iúl. Faightear tuiscint ar amharcchultúr na Māorach trí fhiosrú a dhéanamh ar chomhthéacsanna Māoracha. Cuireann ealaíona na hEorpa, Oileáin an Aigéin Chiúin, na hÁise, agus cultúir eile go mór mór le hamharcchultúr na Nua-Shéalainne.

In oideachas amharc-ealaíon, forbraíonn scoláirí amharc-litearthacht agus feasacht aeistéitiúil agus iad ag ionramháil agus ag athrú ó bhonn smaointe amhairc, tadhaill, agus spásúlachta chun fadhbanna a réiteach. Fiosraíonn siad eispéiris, scéalta, coincheapa teibí, ceisteanna agus riachtanais shóisialta, ina n-aonair agus i bpáirt chomh maith. Déanann siad turgnaimh le hábhair, ag úsáid próiseas agus coinbhinsiún chun a bhfiosracht amhairc a fhorbairt agus chun saothair ealaíne statacha agus am-theorannaithe araon a chruthú. Breathnaíonn siad freisin ar shaothair ealaíne, ag tabhairt a n-eispéiris féin, ag comhroinnt a bhfreagairtí, agus ag cumadh iliomad léirmhíneithe. Cuirtear bonn breise eolais faoin mbrí a dhéanann siad trí iniúchadh a dhéanamh ar na comhthéacsanna ina gcruthaítear, a n-úsáidtear agus a meastar saothair ealaíne. De réir mar a fhorbraíonn siad a n-amharc-litearthacht, bíonn scoláirí ábalta dul i ngleic le réimse níos leithne eispéiris ealaíne ar bhealaí atá níos casta agus níos coinsiasaí.

Forbraíonn na hamharc-ealaíona smaointeoireacht choincheapúil scoláirí laistigh de réimse cleachtas lena n-áirítear líníocht, dealbhóireacht, dearadh, péintéireacht, déanamh priontaí, grianghrafadóireacht, agus íomhánna gluaiстеacha. Chlúdódh stair na healaíne staidéar ar theoricí na n-ealaíon, na hailtíreachta agus an deartha. Cuireann imscrúduithe teoriciúla bonn eolais freisin faoi fhiosrúchán praiticiúil. Tá na deiseanna atá ann chun fiosrú agus cumarsáid a dhéanamh sna hamharc-ealaíona ag leathnú amach go leanúnach agus teicneolaíochtaí agus cleachtas ildisciplíneacha ag fabhrú.

Spriocanna Gnóthachtála

I gcóras oideachais na Nua-Shéalainne, freagraíonn leibhéal 3 – 5, ar a dtugtar freisin blianta 7-10, don chéad – tríú bliain (aoiseanna 11-15) den tSraith Shóisearach.

Leibhéal 3: Ag leibhéal 3 meastar, i measc ionchais eile, go mbeidh tuiscint ag scoláirí ar na hamharc-ealaíona i gcomhthéacs. Fiosróidh siad coinbhinsiún déanamh ealaíne agus cuirfidh siad i bhfeidhm eolas ar eilimintí agus ar phrionsabail roghnaithe trí ábhair agus próisis a úsáid, amharc-smaointe a

fhorbairt agus dul siar orthu, mar fhreagairt ar inspreagthaí éagsúla, breathnóireacht agus samhlaíocht. Déanfaidh siad staidéar ar shaothair ealaíontóirí agus beidh siad ábalta cur síos a dhéanamh ar na smaointe a chuireann a gcuid réada féin agus cinn daoine eile in iúl.

Leibhéal 4: Ag leibhéal 4 meastar, chomh maith le forbairt bhreise a dhéanamh trína dtaithe ar obair ag leibhéal 3, go mbeidh scoláirí ábalta "bealaí a fhiosrú, agus cur síos orthu, inar féidir bríonna a chur in iúl agus a léirmhíniú ina gcuid oibre féin agus in obair daoine eile." (Aireacht Oideachais, 2008)

Leibhéal 5: Faoi leibhéal 5, beidh dul chun cinn déanta ag scoláirí ina gcuid eolais, a dtuiscint, scileanna agus teicnící trína mbeidh siad ábalta, i measc ionchais eile, eolas ar choinbhinsiúin roghnaithe ón gcleachtas bunaithe a chur i bhfeidhm. Ag úsáid próisis agus nósanna imeachta iomchuí dóibh, beidh siad ábalta smaointe a ghiniúint, a fhorbairt agus a bheachtú mar fhreagairt ar inspreagthaí éagsúla, lena n-áirítear staidéar ar chleachtas bunaithe. Déanfaidh siad comparáid agus codarsnacht ar na bealaí ina n-úsáidtear smaointe agus próisis déanamh ealaíne chun brí a chur in iúl i réada agus i smaointe roghnaithe.

Curaclam Ealaíon na hAstráile

I gCuraclam na hAstráile do na Ealaíona, Bonnchéim go Bliain 10, tá cúig foirmeacha sonracha ealaíne, mar atá, Damhsa, Drámaíocht, Ealaíona na Meán, Ceol agus Amharc-Ealaíona.

“Bíodh is go bhfuil dlúthghaolta idir na foirmeacha ealaíne seo agus go n-úsáidtear iad go minic ar bhealaí idirghaolta, baineann cuir chuige dhifriúla le gach ceann acu i leith cleachtais ealaíne agus smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach a léiríonn corpais ar leith eolais, tuisceana agus scileanna.” (Curaclam na hAstráile: Na hEalaíona, 2013, l. 5). Leathnaítear réasúnaíocht agus aidhmeanna Churaclam na nEalaíon agus cuirtear leo trí shainaidhmeanna do gach ábhar sna hEalaíona. Chun críche an doiciméid eolais seo fiosrófar idir Ealaíona na Meán agus Amharc-Ealaíona.

In **Ealaíona na Meán** “úsáideann scoláirí teicneolaíochtaí cumarsáide go cruthaitheach chun scéalta faoi dhaoine, smaointe agus an domhan thart orthu a fhiosrú, a dhéanamh agus a léirmhíniú. Músclaíonn siad a gcéadfaí, samhlaíocht agus intleacht trí shaothair ealaíne na meán a fhreagraíonn do thionchair éagsúla chultúrtha, shóisialta agus eagraíochtúla ar chleachtais chumarsáide na linne.” (Curaclam na hAstráile: Na hEalaíona, 2013, l. 5)

In **Amharc-Ealaíona** faigheann scoláirí taithí ar na coincheapa seo: ealaíontóirí, saothair ealaíne, an domhan agus an lucht éisteachta, agus fiosraíonn siad iad. Foghlaimíonn scoláirí in, faoi agus trí chleachtas na n-amharc-ealaíon, lena n-áirítear réimsí na healaíne, na ceardaíochta agus an deartha. Forbraíonn scoláirí scileanna praiticiúla agus smaointeoireacht chruthaitheach a dhéanann eolas dá gcuid oibre mar ealaíontóirí agus mar lucht éisteachta.

Is tábhachtach a rá go luaitear sa doiciméad go dtabharfar aitheantas don fhéidearthacht go ndéanfadh scoláirí iniúchadh ar na caidrimh dhinimiciúla idir ábhair na nEalaíon chomh maith leis an gcaoi “ar féidir leis scoláirí a ghabháil chun saothair ealaíne a dhéanamh agus chun freagairt dóibh i bhfoirmeacha traidisiúnta, comhaimseartha agus éiritheacha, ag úsáid ábhar, teicnící agus teicneolaíochtaí ó ábhar Ealaíon amháin chun tacú le foghlaim i gceann eile.” (Curaclam na hAstráile: Na hEalaíona, 2013, l. 5).

Leantar ar aghaidh sa doiciméad a mhaíomh gurb í an smaointeoireacht deartha atá ina buncheangal a ritheann trí na disciplíní ar fad a ligeann do “scoláirí foirmeacha ealaíne nuálaíocha agus hibrideacha a chruthú.” (Curaclam na hAstráile: Na hEalaíona, 2013, l. 6). Lena chois sin, siúd is go gclúdaíonn an doiciméad curaclaim scoláirí ón mBonncheim (ag tosú sa Bhunscoil) suas go Bliain 10, beidh an deis ag scoláirí, ón gcéad bhliain iar-bhunscoile (Blianta 7/8), taithe domhain a fháil ar ábhar Ealaíon amháin nó níos mó.

Is suntasach an rud é go bhfuil na snáitheanna laistigh de churaclam Ealaíon na hAstráile ag teacht le hAmharc-Ealaíona Churaclam na Bunscoile in Éirinn. Sna snáitheanna i gcuraclam na hAstráile, léiríonn na “cuir síos ar inneachar i ngach ábhar Ealaíon na snáitheanna idirghaolta Déanamh agus Freagairt” (Curaclam na hAstráile: Na hEalaíona, 2013, l. 7). In Amharc-Ealaíona Churaclam Bunscoile na hÉireann, maidir le gach snáithe, bíodh sé sin Líníocht, Péint agus Dath, Prionta, Cré, Tógáil nó Fabraic agus Snáithín, déantar iad a fhoroinnt ina n-aonaid dhá shnáithe a dhíríonn ar Dhéanamh agus Breathnú agus Freagairt.

Is í an Inbhuanaitheacht ceann de thrí tosaíochtaí traschuraclaim churaclam na hAstráile agus is é seo a ndeirtear faoi sa cháipéis churaclaim:

“Cabhraíonn tosaíocht na hInbhuanaitheachta le hiniúchadh a dhéanamh ar ról na nEalaíon i dtaca le cleachtais chultúrtha, córais shóisialta agus caidrimh daoine lena dtimpeallacht a choimeád agus a athrú ó bhonn. Trí rudaí a dhéanamh agus freagairt do rudaí sna hEalaíona, meabhraíonn scoláirí ar cheisteanna inbhuanaitheachta i dtaca le húsáid na n-acmhainní agus leis na traidisiúin i ngach ceann d’ábhair na nEalaíon.” (Curaclam na hAstráile: Na hEalaíona, Iúil 2013, l. 25)

Tá sé sin ag teacht leis an Straitéis Náisiúnta um Oideachas ar Fhorbairt Inbhuanaithe in Éirinn, 2014-2020.

Aithnítear freisin naisc le réimsí eile foghlama agus “na naisc is soiléire i réimsí foghlama ag tarlú sa Bhéarla, Stair agus Tíreolaíocht de bhrí gurb ionann na hEalaíona agus roinnt de na saothair, na táirgí agus na taifid is suntasaí agus is so-aitheanta de gach cultúr. Féadann na hEalaíona freisin réimse oideolaíochtaí a sholáthar le haghaidh a n-úsáide thar réimsí foghlama an churaclaim.” (Curaclam na hAstráile: Na hEalaíona, 2013, l. 26)

Ealaíona na Meán

De réir an tsainmhínte sa doiciméad curaclaim, “Baineann Ealaíona na Meán le léirithe a chruthú den domhan agus scéalta a insint trí theicneolaíochtaí cumarsáide amhail teilifís, scannán, físeán, nuachtáin, raidió, cluichí físeán, an t-idirlíon agus meáin shoghluaiste. Déanann Ealaíona na Meán ceangal idir pobail meáin, cuspóirí agus smaointe, agus fiosraítear iontu coincheapa agus dearcaí trí úsáid chruthaitheach ábhar agus teicneolaíochtaí. Ar nós na bhfoirmeacha ealaíne go léir, tá sé de chumas in ealaíona na meán gach scoláire a mhealladh, a spreagadh agus a shaibhriú, ag múscailt na samhlaíochta agus ag spreagadh scoláirí chun barr a gcumais chruthaithigh agus léirithigh a bhaint amach.” (Curaclam na hAstráile: Na hEalaíona, 2013, l.71)

Baineann Déanamh in Ealaíona na Meán le teicneolaíochtaí cumarsáide a úsáid chun saothair ealaíne a dhearadh, a chruthú agus a dháileadh. Baineann Freagairt in Ealaíona na Meán le scoláirí ag foghlaim chun fiosrú, breathnú, anailísiú agus a bheith rannpháirteach i gcultúr na meán. I dteannta Aidhmeanna uileghabhálacha Churaclam na nEalaíon, tosaítear in Aidhmeanna Ealaíona na Meán a dheimhniú gur gá go bhfeicfí “taitneamh agus muinín” á bhforbairt ag scoláirí i dtús báire chomh maith le “smaointeoireacht chruthaitheach agus chriticiúil”, agus ansin “eolas aeistéitiúil agus mothú fiosrachta” agus “eolas agus tuiscint ar a rannpháirtíocht i gcultúir áitiúla agus dhomhanda na meán atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn”. (Curaclam na hAstráile: Na hEalaíona, 2013, l.71)

Forbraíonn scoláirí eolas agus tuiscint ar chúig phríomhchoincheap trí ghnéithe (teicniúla agus siombalacha) Ealaíona na Meán.

Is iad na cúig phríomhchoincheap:

- Teangacha meáin a úsáidtear chun scéalta a insint
- Teicneolaíochtaí a úsáidtear chun meáin a léiriú, a rochtain agus a dháileadh
- Institiúidí a chabhraíonn le léiriú agus le húsáid na meán agus a chuireann srian leo
- Pobail meáin a ndéantar léirithe ealaíon na meán ina gcomhair agus a fhreagraíonn dóibh
- Léirithe comhthógtha den domhan

Is iad na gnéithe d'Ealaíona na Meán:

Prionsabail an scéil: struchtúr, rún, carachtair, suíomhanna, dearcaí agus gnásanna seánra

- Tuairimí agus an tuiscint gur féidir a mbrí agus a léirmhíniú a chumadh agus a chlaochlú de réir teagmhálacha difriúla domhanda
- Foirmeacha, lena n-áirítear stíl agus comhthéacsanna, agus an chaoi a múnlaítear iad ag startha, cuspóir, traidisiúin agus teicneolaíochtaí cumarsáide

Forbraítear na scileanna, teicnící agus próisis chun saothair ealaíne na meán a chruthú trí thrí céimeanna eadhon, Réamhléiriú (clár-scéalú, pleanáil agus taighde), Léiriú (taifeadadh agus stiúradh) agus Iar-Léiriú (cur in eagar, leagan amach agus dáileadh). Agus iad ag forbairt eolais agus scileanna in Ealaíona na Meán, baineann scoláirí úsáid as a lán ábhar, amhail íomhánna, fuaimanna agus téacs agus na teicneolaíochtaí a úsáidtear lena gcruthú, ag brath ar rún an ealaíontóra agus ar fhoirm dheiridh an tsaothair ealaíne meán é féin.

I rith a dtréimhse san iar-bhunscoil (Blianta 7/8 go 9/10), tógann scoláirí ar a gcuid foghlama roimhe sin agus beachtaíonn tuilleadh a gcuid saothair féin bunaithe ar a dtaithí agus ar a dtuiscint mhéadaitheach ar na príomhchoincheapa agus míreanna. Baineann Blianta 7/8 le scoláirí ag déanamh agus ag freagairt d'ealaíona na meán go neamhspleách, lena gcomhghleacaithe, múinteoirí agus pobail agus iad ag fiosrú ealaíona na meán mar fhoirm ealaíne. Sna Blianta 9/10 feictear scoláirí ag dul níos faide ina gcuid foghlama agus ina dtaithí agus iad ag déanamh agus ag freagairt d'ealaíona na meán trí fhiosrú a dhéanamh orthu mar fhoirm ealaíne trí léiriú, ionramháil ghnásanna seánra agus meán agus anailís ar shaothair na meán.

Féachann na Caighdeáin Ghnóthachtála freisin i dtreo scoláirí á mbrú féin níos faide lena gcuid eispéireas in Ealaíona na Meán. Mar shampla, faoi dheireadh Bhliain 8, aithníonn scoláirí agus anailísíonn siad conas a thaispeántar léirithe ar luachanna sóisialta agus ar dhearcaí sna saothair ealaíne meán a dhéanann, a dháileann agus a bhreathnaíonn siad. Faoi dheireadh Bhliain 10, ba ghá go bhforbródh a gcuid anailíse chun tuairimí malartacha a chur san áireamh agus chun idirghníomhú leo. Feictear scoláirí i mBlianta 7 agus 8 “ag úsáid gnásanna seánra agus meán [chun] gnéithe teicniúla agus siombalacha a mhúnlú ar mhaithe le cuspóirí agus le brí ar leith.” (Curaclam na hAstráile: Na hEalaíona, 2013, l. 87) Sna Blianta 9 agus 10 áfach, ní he go mbíonn scoláirí go díreach “ag úsáid” na gnéithe seo ach go bhfeictear iad go gníomhach “á n-ionramháil”.

Amharc-Ealaíona

“Cuimsíonn Amharc-Ealaíona réimsí na healaíne, na ceardaíochta agus an deartha. Agus iad ag foghlaim sna réimsí seo agus tríothu, cruthaíonn scoláirí léirithe amhairc a chuireann in iúl, a thugann dúshlán, agus a léiríonn a gcuid smaointe féin agus cinn daoine eile mar ealaíontóirí agus

mar phobal éisteachta. Forbraíonn siad tuiscint aireachtála agus choincheapúil, réasúnaíocht chriticiúil agus scileanna praiticiúla trína dtuiscint ar a ndomhan agus ar dhomhain eile a fhiosrú agus a leathnú. Foghlaimíonn siad faoi ról an ealaíontóra, an cheardaí agus an dearthóra, a gcion ar son na sochaí, agus tábhacht na dtionscal cruthaitheach. A dhála sin leis na foirmeacha eile ealaíon, tá sé de chumas in amharc-ealaíona saol scoláirí a mhealladh, a spreagadh agus a shaibhriú, á spreagadh chun barr a gcumais chruthaithigh agus intleachtúil a bhaint amach trí smaointeoireacht eolasach, shamhlaíoch agus nuálaíoch a adhaint.” (Curaclam na hAstráile: Na hEalaíona, 2013, l. 112)

Baineann Déanamh in Amharc-Ealaíona le “scoláirí ag déanamh léirithe dá smaointe agus dá mbríonna beartaithe i bhfoirmeacha difriúla...trí fhadhbanna a réiteach agus trí chinntí a dhéanamh. Forbraíonn scoláirí eolas, tuiscint agus scileanna agus iad ag foghlaim agus ag cur i bhfeidhm teicnící agus próiseas ag úsáid ábhar chun a gcuspóirí a bhaint amach i bhfoirmeacha déthoiseacha (2T), tríthoiseacha (3T) agus ceithrethoiseacha (4T).” (Curaclam na hAstráile: Na hEalaíona, 2013, l.113)

Baineann Freagairt in Amharc-Ealaíona le “scoláirí ag freagairt dá gcuid saothair ealaíne féin agus a bheith ina mbaill de phobail meáin agus iad ag breathnú, ag ionramháil, ag machnamh ar, ag anailísiú, ag baint taitnimh as, ag meas agus ag luacháil a gcuid saothair ealaíne amhairc féin agus cuid daoine eile.” (Curaclam na hAstráile: Na hEalaíona, 2013, l. 113)

Chomh maith le hAidhmeanna uileghabhálacha Churaclam na nEalaíon, tá sé d’aidhmeanna churaclam na nAmharc-Ealaíon a chinntiú go bhforbraíonn scoláirí “smaointe coincheapúla agus aireachtála...trí phróisis deartha agus fiosraithe...teicnící sna hamharc-ealaíona, [agus ionramháil] ábhar agus teicneolaíochtaí”. Forbróidh scoláirí a gcuid “smaointeoireacht chruthaitheach agus chriticiúil, ag úsáid teangacha, teoiricí agus cleachtais amharc-ealaíon” agus iad ag déanamh breithiúnas aeistéitiúil. Forbróidh scoláirí freisin “meas ar agus aitheantas do ról, nuálaíochtaí, traidisiúin, startha agus cultúir éagsúla ealaíontóirí, ceardaithe agus dearthóirí; amharc-ealaíona mar chleachtais shóisialta agus chultúrtha; agus dúthracht mar ealaíontóirí agus mar phobail meáin” agus chomh maith le “muinín, fiosracht, samhlaíocht agus taitneamh, forbróidh [scoláirí freisin] aeistéitic phearsanta.” (Curaclam na hAstráile: Na hEalaíona, 2013, l. 112)

Luaitear sa doiciméad “go bhfuil dlúthbhaint idir eolas, tuiscint, agus scileanna scoláire agus go mbíonn siad ag idirghníomhú le chéile go seasta trí agus idir Déanamh agus Freagairt.” (Curaclam na hAstráile: Na hEalaíona, 2013, l. 113). Faoi mar a théann scoláire chun cinn ó Leibhéal Bonnchéime

go Bliain 10, ba chóir go bhforbródh a gcuid eolais, tuisceana agus scileanna ó thaobh coimpléascachta agus sofaisticiúlachta agus go bhfeabhsódh siad a gcumas chun a gcuid smaointe a léiriú agus a chur in iúl. Foghlaimíonn scoláirí chun a gcuid freagairtí féin ar spreagthaí a anailísiú agus a gcuid saineolas forbraíochta agus a léiriú aeistéitiúil a chur chun cinn.

Trí léiriú, gnásanna amhairc agus dearcaí, déanann scoláirí pictiúr den intinn a bhí ag an ealaíontóir taobh thiar de phíosa nó corpas oibre, freagraíonn siad di agus smaoiníonn siad go criticiúil uirthi. Is féidir an léiriú a dhéanamh trí shaothair ealaíne a úsáid i modh 2T, 3T nó 4T. Is féidir le gnásanna amhairc a bheith traidisiúnta, comhaimseartha, ina meascán den dá chineál nó fiú nua-fhorbartha. Foghlaimíonn scoláirí chun dearcaí ealaíontóirí, cultúir agus sochaithe a thuiscint, trí na bríonna atá taobh thiar de shaothair ealaíne a cheistiú. Déanann na ceisteanna sin eolas freisin do bhreithiúnais scoláirí ar a gcuid oibre féin agus obair daoine eile.

Ba chóir freisin go dtiocfadh forbairt ar a gcumas chun meastóireacht chriticiúil a dhéanamh ar a gcuid scileanna agus ba chóir go bhforbródh oiriúnacht a roghanna agus a gcinntí chomh maith de réir mar a iarrtar orthu ar bhonn níos minice iad sin a phleanáil go toiliúil agus a chur in iúl. Forbrófar freisin, chuig leibhéal a éiríonn níos coimpléascaí ar feadh an ama, cinntí agus scileanna i ndáil le rogha ábhar, bíodh siad ina bpéinteanna nó ina gcailceanna traidisiúnta, comhaimseartha, amhail meáin dhigiteacha nó suiteáil dhigiteach nó ina hibrid den dá chineál, de réir mar a théann scoláirí suas trí na bandaí.

I mBlianta 7/8, trí shaothair ealaíne amhairc a dhéanamh agus trí fhreagairt dóibh, dearann, cruthaíonn agus measann scoláirí réitigh amhairc ar théamaí agus/nó ar choincheapa roghnaithe agus iad ag forbairt tuairim eolasach ar shaothair ealaíne bunaithe ar thaighde ar ealaíontóirí. I mBlianta 9/10, déanann na scoláirí saothair ealaíne amhairc agus freagraíonn siad dóibh, ag úsáid míniúcháin stairiúla agus coincheapúla agus iad ag meabhrú go criticiúil ar chion chleachtóirí na n-amharc-ealaíon. Ina theannta sin, déanann scoláirí “oiriúnú ar smaointe, léirithe agus cleachtais de chuid ealaíontóirí roghnaithe chun bonn eolais a chur faoina n-aeistéitic phearsanta féin agus iad ag cruthú sraith saothair ealaíne atá nasctha go coincheapúil, agus cuireann siad a sraith i láthair pobal meáin.” (Curaclam na hAstráile: Na hEalaíona, 2013, l. 129)

Léirítear an fócas ar fhorbairt agus ar fheabhsúchán scoláirí sna Caighdeáin Ghnóthachtála. Faoi dheireadh Bhliain 8, beidh scoláirí ag baint úsáide as “réimse fairsing gnéithe macasamhlacha, fearais agus teicnící amhairc chun brí a chur in iúl ina gcuid saothair ealaíne”. Os a choinne sin faoi dheireadh Bhliain 10, táthar ag súil le scoláirí “a gcuid smaointe macasamhlacha a choincheapú”, “stíl phearsanta a bheith acu” agus “gnéithe difriúla macasamhlacha a ionramháil agus a oiriúnú chun feabhas a chur ar bhrí a saothair ealaíne.” (Curaclam na hAstráile: Na hEalaíona, 2013, l. 132).

An Curaclam Náisiúnta (Sasana)

Cláir staidéir Ealaíne agus Deartha: Eochairchéim 3

Luaitear sa rannán oscailte ar Chuspóir an Staidéir sa doiciméad curaclaim seo:

“Tá roinnt de na foirmeacha is fearr den chruthaitheacht dhaonna le fáil in ealaín, ceardaíocht agus dearadh. Ba chóir d’oideachas ardchaighdeáin ealaíne agus deartha scoláirí a mhealladh agus a spreagadh agus a ndúshlán a thabhairt, agus an t-eolas agus na scileanna a thabhairt dóibh chun trialacha agus fionnachtana a dhéanamh, agus a gcuid saothair ealaíne, ceardaíochta agus dheartha féin a chruthú. Agus scoláirí ag dul chun cinn, ba chóir go mbeadh siad ábalta smaoinemh go criticiúil agus tuiscint níos mine a bheith acu ar ealaín agus ar dhearadh. Ba chóir go dtuigfeadh siad fosta cén dóigh a léiríonn agus a múnlaíonn ealaín agus dearadh araon ar staid agus a gcuireann siad le cultúr, le cruthaitheacht agus le saibhreas ár náisiúin.” (RO, 2013, l. 1)

Tá aidhmeanna an churaclaim náisiúnta ann chun a chinntiú go ndéanann scoláirí obair chruthaitheach, go n-éiríonn siad inniúil i dteicnící ealaíne, ceardaíochta agus deartha, gur féidir leo “meastóireacht agus anailís a dhéanamh ar shaothair chruthaitheacha ag úsáid teanga na hEalaíne, na Ceardaíochta, an Deartha” (RO, 2013, l. 1) agus eolas agus tuiscint a bheith acu ar ealaíontóirí móra agus ar “fhorbairt stairiúil agus chultúrtha a gcuid foirmeacha ealaíne.” (RO, 2013, l. 1)

Nuair a bhíonn Eochairchéim 3 bainte amach acu, ba chóir i dtaca le scoláirí de, tríd an inneachar ábhair ar tháinig siad trasna air agus na spriocanna measúnaithe a thug an eagraíocht dámhachtana, “go mbeadh oiliúint faighte acu chun a gcruthaitheacht agus a gcuid smaointe a fhorbairt agus go mbeadh siad i bhfad níos inniúla ina gceann.” (RO, 2013, l. 1)

Ag Leibhéal TGM, díróinn aidhmeanna agus torthaí foghlama an ábhair ar fhorbairt scileanna scoláirí i bpróiseas cruthaitheach na healaíne, na ceardaíochta agus an deartha. Baineann sé sin le foghlaim ó thaithí, cuir chuige thurgnamhacha i leith smaointe, meán agus ábhar. Foghlaimíonn scoláirí chun feasacht a fhorbairt ar “chuspóirí, intinní agus feidhmeanna in ealaín, ceardaíocht agus dearadh.” (RO 2014, l. 3). Chomh maith le cleachtais shábháilte oibre a thaispeáint, beidh níos mó féinmhuiníne agus féinmáthachta ag scoláirí. Ar an gcoinníoll go mbaintear amach na haidhmeanna

agus na cuspóirí measúnaithe, is féidir le scoláirí obair a thaisceadh i meáin dhigiteacha nó i meáin neamhdhigiteacha, nó i meascán den dá chuid.

Ní mór do scoláirí a léiriú go bhfuil corpas maith eolais agus tuisceana acu ar Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh trí scileanna éagsúla a bhíonn forbartha acu thar thréimhse ama sna luathbhlianta iar-bhunscoile. Tá liosta den eolas, den tuiscint agus de na scileanna a theastaíonn sna sonraíochtaí ábhar a fhorbraítear ag eagraíochtaí éagsúla dámhachtana sa RA.

Sa RA, bunaíonn eagraíochtaí dámhachtana a gcuid sonraíochtaí ábhar ar cháipéisíocht an churaclaim náisiúnta ó Roinn Oideachais na RA. Ceann díobh sin arbh fhiú níos mó eolais ina thaobh a lua, chun críche an doiciméad eolais seo, is ea Sonraíocht TGM na hEalaíne agus an Deartha a d'fhoilsigh an An Comhaontas Measúnachta agus Cáilíochtaí (CMC/AQA).

Tugtar breac-chuntas sa tsonraíocht seo ar an obair, eolas, tuiscint agus ar na scileanna riachtanacha a theastaíonn chun an gradam TGM a fháil in Ealaín agus Dearadh. Luaitear freisin sa tsonraíocht gur féidir le scoileanna tabhairt faoi Ealaín agus Dearadh mar chúrsa iomlán nó mar ghearrchúrsa ag brath ar na roghanna a dhéantar. Cé go sainítear ann na trí phríomhréimse a bhaineann le hEalaín, Ceardaíocht, Dearadh, luaitear ann freisin gur den tábhacht é go leantar de “staidéar comhtháite praiticiúil, criticiúil agus teoiriciúil a spreagann baint dhíreach a bheith ag scoláirí le bunsaothair agus le bunchleachtas” (RO, 2014, l. 3) agus iad ag forbairt eolais, tuisceana agus scileanna ina rogha réimse/réimsí oibre.

Spreagann aidhmeanna agus torthaí foghlama chúrsa TGM na hEalaíne agus an Deartha scoláirí chun:

- páirt ghníomhach a ghlacadh i bpróiseas na healaíne agus an deartha
- éirí muiníneach agus iad ag forbairt scileanna cruthaitheachta
- cumas agus taithí a fhorbairt i réimse leathan meán, lena n-áirítear, nuair is iomchuí, meáin agus teicneolaíochtaí traidisiúnta agus nua
- eolas cultúrtha agus tuiscint chriticiúil a fhorbairt

- tréithe pearsanta a fhorbairt amhail féinmhuinín, seasmhacht agus féinsmacht.

Tá dhá aonad oibre i gceist sa tsonraíocht, ata mar an gcéanna do rogha an chúrsa iomláin agus an ghearrchúrsa araon.

Aonad 1 – Punann Oibre

Le haghaidh rogha an ghearrchúrsa, ní mór go mbeadh bailiúchán sínte amháin oibre nó tionscadal mar chuid den phunann oibre. Má roghnaítear an cúrsa iomlán, tá níos mó ná bailiúchán sínte amháin oibre de dhíth. Úsáidtear leabhair sceitseála agus dialanna amhairc mar fhianaise ar an gcaidreamh idir próiseas agus toradh. Is féidir obair chriticiúil agus chomhthéacsúil a bheith i gceist iontu seo ina mbíonn mioneolas ar chuartheanna ar dhánlanna nó ar mhúsaeim nó fiú obair a rinneadh le healaíontóir. Is féidir taifid fhótagrafacha de thorthaí a úsáid freisin le haghaidh suiteálacha nó tógálacha níos neamhbhuaine agus is féidir físeán scannán nó beochaintí a úsáid chomh maith céanna. Thioctadh freisin fianaise a chur isteach inti ar obair chomhoibríoch agus an sainróil a bheadh ag scoláire sa ghníomhaíocht.

Is féidir leis an múinteoir suíomh thasc/anna na punainne a shocrú, sin nó is féidir leis na scoláirí iad féin cinneadh a dhéanamh. Déantar obair ar an bpunann faoi “mhaoirseacht neamhfhoirmiúil”, is é sin le rá, go leor maoirseachta chun a chinntiú gur féidir ionchur [scoláirí] a thaifead go cruinn, gur féidir obair a dheimhniú agus nach dtarlaíonn bradaíl ar bith.” (AQA, 2012, l. 8)

Roghnaíonn agus eagraíonn scoláirí na píosaí is fearr a léiríonn an obair atá déanta acu le linn a gcúrsa staidéir. Do rogha an Chúrsa Iomláin, ba chóir go mbeadh tuairim ar 45 uair oibre i gceist i dtaisceadh iomlán na punainne. Tá sé sin inchomparáide leis an tionscadal reatha in Ealaín, Dearadh, Ceardaíocht an Teastais Shóisearaigh, atá socraithe le haghaidh tréimhse íosta de 42 uair. Déantar obair na punainne a mharcaíl laistigh den scoil ach í a bheith faoi réir modhnóireachta ag an CMC.

Aonad 2 – Tasc Socraithe go Seachtrach (TSS):

Éilítear ar scoláirí, i gcomhair an taisc seo a shocraítear go seachtrach, freagairt phearsanta a thabhairt ar thúsphointe nó ar choimre laistigh den disciplín ealaíne a roghnaigh siad a dhéanamh don scrúdú. Tá an páipéar scrúdaithe don chúrsa iomlán agus don ghearrchúrsa mar an gcéanna agus cuirtear iad ar fáil ó 1 Eanáir i mbliain an scrúdaithe. Bíonn am ullmhúcháin gan teorainn ag scoláirí agus lena linn sin is féidir lena gcuid múinteoirí na túsphointí a phlé agus treoir ghinearálta a thabhairt. Is faoi mhaoirseacht neamhfhoirmiúil a dhéantar obair scoláirí ag an am seo.

Leanann tréimhse 10 n-uaire an t-am ullmhúcháin seo ina mbítear ag súil leo toradh pearsanta a fhorbairt, gan chabhair, mar fhreagairt ar an túsphointe a roghnaigh siad. Caithfidh an chéad seisiún maireachtáil ar feadh dhá uair. Féadann an scoil an 8 n-uaire a bhíonn fágtha a sceidealú de réir a discréide féin. Déantar an obair seo faoi dhálaí maorsithe agus stóráiltear an obair uile go slán sábháilte. Bíonn cead ag scoláirí leanúint den obair ar a gcuid staidéar ullmhúcháin idir na seisiúin seo.

Roghnaíonn scoláirí a gcuid oibre agus cuireann i láthair í le haghaidh measúnaithe, agus ba chóir go mbeadh fianaise inti ar na ceithre cuspóirí measúnaithe a bhaint amach. Marcáiltear iomlán na hoibre taiscthe seo mar shlánaonad laistigh den scoil, agus modhnóireacht le fáil ó CMC.

Cuspóirí Measúnaithe

Ta ceithre chuspóir mheasúnaithe ann, a gcaithfidh scoláirí a thaispeáint trína gcuid oibre go bhfuil siad bainte amach acu. Ní mór do scoláirí fianaise a chur ar fáil gur baineadh amach na cuspóirí measúnaithe uile in idir an Phunann Oibre agus an Tasc Socraithe go Seachtrach.

Cuspóirí Measúnaithe (CManna)	
CM1	A gcuid smaointe a fhorbairt trí iniúchtaí a ndéanann foinsí comhthéacsúla agus eile eolas dóibh agus ina léiríonn siad tuiscint anailíseach agus chultúrtha
CM2	A gcuid smaointe a bheachtú trí thurgnaimh a dhéanamh agus trí acmhainní, meáin, ábhair, teicnící agus próisis oiriúnacha a roghnú
CM3	Smaointe, breathnuithe agus léargais a thaifead, a bhaineann lena gcuid intinní i bhfoirmeacha amhairc agus/nó eile
CM4	Freagairt phearsanta, eolasach agus bhríoch a chur i láthair ina léirítear tuiscint anailíseach agus chultúrtha, ag comhlíonadh intinní agus mar is iomchuí, ag déanamh nasc idir gnéithe amhairc, scríofa, ó bhéal nó eile

Ealaín agus Dearadh (Cúrsa iomlán agus gearrchúrsa):

Laistigh de na réimsí staidéir don chúrsa iomlán, bítear ag súil le scoláirí obair phraiticiúil agus chriticiúil/chomhtheacsúil a dhéanamh a bhfuil baint aici le dhá cheann nó níos mó de na réimsí staidéir, taobh istigh de chúrsa molta, faoi mar a liostaítear thíos. Le haghaidh gearrchúrsa, tá scoláirí ceaptha a bheith ag obair i gceann amháin nó níos mó. Is féidir le scoláirí smaointe a fhiosrú agus a fhorbairt tuilleadh trí na réimsí staidéir a chomhcheangal nó a fhorluí ar a chéile.

Cúrsa Molta	Réimsí Staidéir
Feidhmeach	Réimse de chleachtas dhéthoiseacha nó thríthoiseacha atá gairmiúil go sonrach, ó nádúr, ina bhfuil inneachar a léiríonn comhthéacsanna atá bainteach leis an obair agus bainteach leis an gcliant in ealaín, ceardaíocht agus dearadh
Mín-Ealaín	líníocht, péinteáil, meáin mheasctha, dealbhóireacht, ealaín thalúnta, ealaín suiteála, déanamh priontaí, meáin lionsa-bhunaithe agus/nó solasbhunaithe: scannánú, beochan, físeán agus grianghrafadóireacht
Cumarsáid Ghrafach	maisíú eagarthóireachta, fógraíocht, dearadh pacáistíochta, dearadh don phrionta, grafaic chumarsáide, grafaic ríomhaireachta, ilmheáin, dearadh gréasáin, meáin lionsa-bhunaithe agus/nó solasbhunaithe: scannánú, beochan, físeán agus grianghrafadóireacht
Dearadh Teicstíle	faisean agus feisteas, fabraicí agus ábhair phriontáilte agus/nó ruaimnithe, teicstílí tí, teicstílí comhthógtha agus/nó fuaite agus/nó ornáideacha
Dearadh Tríthoiseach	ceirmeacht, dealbhóireacht, ealaín suiteála, seodra, maisíú coirp, dearadh taispeántais, dearadh don amharclann, teilifís agus scannáin, dearadh intí, dearadh táirgí, ealaín agus dearadh comhshaoil agus dearadh ailtireachta,
Grianghrafadóireacht	meáin lionsa-bhunaithe agus/nó solasbhunaithe lena n-áirítear grianghrafadóireacht théama-bhunaithe (portráid, tírdhreach, ábhar neamhbheo, tuairisceoireacht), fótagrafaíocht faisnéise, fóta-iriseoireacht, fótagrafaíocht insinte, íomháineachas turgnamhach, suiteáil fhótagrafach, cleachtas sna nuamheáin, taifeadadh físe, teilifís agus scannánaíocht

Ta a shainréimsí féin ag gach cúrsa molta ina dtugtar breac-chuntas ar an eolas agus an tuiscint a theastaíonn ó scoláirí chomh maith leis na scileanna agus na teicnící a bhíonn de dhíth orthu.

Curaclam Barr Feabhais na hAlban

Is é an struchtúr a bhaineann le Curaclam Barr Feabhais na hAlban go bhfuil sé faoi cheannteidil na n-ocht réimse churaclaim eadhon Ealaíona Léiritheacha, Oideachas reiligiúnach agus morálta, Folláine agus Leas, Teangacha, Staidéar sóisialta, Matamaitic agus Teicneolaíochtaí. Is é atá i gceist sna hEalaíona Léiritheacha Ealaín agus Dearadh, Damhsa, Drámaíocht agus Ceol. Cuimsítear cuspóir an churaclaim sna ceithre hinniúlachtaí – a chur ar chumas gach páiste nó duine óig a bheith ina fhoghlaimeoir rathúil, ina dhuine muiníneach, ina shaoránach freagrach agus ina rannpháirtí éifeachtach.

Aithnítear i gcáipéisíocht an churaclaim i ndáil leis na hEalaíona Léiritheacha in Albain go mbíonn ról lárnach ag na healaíona i measc daoine óga chun féith na cruthaitheachta a fheabhsú agus scileanna ealaíne a fhorbairt. Agus iad ag cabhrú le leanaí agus le daoine óga a aithint agus a chur in iúl "braistintí agus mothúcháin, idir a gcuid féin agus chuid daoine eile, Bíonn ról lárnach ag na healaíona léiritheacha i dtaca leis an mbraistint a mhúnlú atá againn ar ár bhféiniúlacht phearsanta, shóisialta agus chultúrtha. Bíonn ról tábhachtach freisin ag an bhfoghlaim sna healaíona léiritheacha chun cabhrú le leanaí agus le daoine óga a aithint agus meas a bheith acu ar éagsúlacht agus ar bheocht an chultúir ar bhonn áitiúil, náisiúnta agus domhanda." (Curaclam Barr Feabhais, Rialtas na hAlban, 2008, l. 55) Tá dlúthnasc idir na ráitis tosaigh do na hEalaíona Léiritheacha agus na ceithre hinniúlachtaí agus is féidir leis an múinteoir iad a úsáid chun cabhrú leo réimse leathan gníomhaíochtaí foghlama a phleanáil.

Laistigh de chóras oideachais na hAlban, tá na blianta S1-S4 inchurtha leis an gcéad – tríú bliain (scoláirí 11-16 bliana d'aois) in Éirinn. Ag gach leibhéal, agus daoine óga ag dul chun tosaigh tríd an luath-iar-bhunoideachas, forbróidh siad scileanna nua agus daingneoidh siad foghlaim a bhí déanta acu roimhe seo. Bíonn an tsaoirse ag múinteoirí teaglamaí éagsúla de na heispéiris agus de na torthaí seo a phleanáil agus a eagrú, laistigh de mhíreanna de na healaíona léiritheacha agus eatarthu araon, chun freastal ar riachtanais agus ar shuimeanna éagsúla daoine óga a roghnaíonn dul ar aghaidh níos faide ná S3. Faoi bhliain dheireanach na céime luaithe seo den oideachas dara leibhéal is féidir a rá go dtugann na heispéiris agus na torthaí a bhaineann le leibhéal S4 bunús le haghaidh staidéar níos airde, agus níos mó scóip le haghaidh doimhneachta, dúshláin, taitnimh, pearsanaithe agus rogha. Ceapadh an leibhéal gnóthachtála ag S4 chun go mbeidh sé ag teacht leis an leibhéal a luaitear le Leibhéal 4 de Chreat Creidiúna agus Cáilíochtaí na hAlban (CCCA/SCQF).

Ní gá go mbainfeadh measúnú le scileanna, eolas, tuiscint agus meas ná leis an gcaoi ar féidir le daoine óga iad sin a úsáid ina saol laethúil nó chun ullmhú le haghaidh saol oibre, is féidir nasc a bheith aige freisin le réimsí eile den churaclam, laistigh agus lasmuigh den seomra ranga araon. Mar shampla, is féidir leis na daoine óga taithí a fháil ar ról comhlachtaí gairmiúla ealaíon agus ar eagraíochtaí cultúrtha sa tsochaí.

An chaoi a mblaiseann daoine óga de na healaíona léiritheacha baineann sí le bheith ag cruthú agus ag cur i láthair ar dhóigh phraiticiúil agus ó thaithí. Úsáidtear meastóireacht agus measúnú chun cur leis an taitneamh agus chun eolas agus tuiscint a fhorbairt. Déantar an taithí seo ag daoine óga ar na healaíona léiritheacha a phearsanú agus a léiriú i ráitis "Is féidir liom..." faoina gcuid foghlama:

- cabhraíonn sé liom inspioráid agus cumhacht na n-ealaíon a bhlaiseadh
- aithníonn sé agus cothaíonn sé mo bhuanna cruthaitheacha agus aeistéitiúla
- ligeann sé dom scileanna agus teicnící a fhorbairt a bhaineann le foirmeacha ealaíne ar leith agus a théann thar na ceithre hinniúlachtaí
- tugann sé deiseanna dom tuiscint níos doimhne a bheith agam ar an gcultúr in Albain agus sa domhan mór
- feabhsaítear agus saibhrítear é trí chomhpháirtíochtaí le comhlachtaí gairmiúla ealaíon, aosaigh chruthaitheacha agus eagraíochtaí cultúrtha

Cuirtear arís leis an gcur chuige pearsanta seo i leith an mheasúnaithe tríd an úsáid an-dearfach a bhaintear as ráitis " Tá ... agam" leis na torthaí a léiriú ag gach céim den turas foghlama a dhéanann an duine óg agus iad ag dul suas tríd an gcóras oideachais in Albain. Is féidir go mbeidh na ráitis mar an gcéanna thar shraith de bhlianta, ach tuigtear as sin cé go mbeidh an toradh ar aon dul, go bhfuiltear ag dréim le níos mó taithí, forbartha agus dul chun cinn a bheith déanta ag scoláirí sa réimse de na healaíona léiritheacha a roghnaigh siad.

Taobh istigh de na ráitis sna hEalaíona Léiritheacha ar eispéiris agus ar thorthaí, bítear ag súil le gach duine óg páirt a ghlacadh i dtaibhithe mar réimse comónta oibre. "Cuimsíonn gach mír den fhoghlaím sna healaíona léiritheacha deiseanna chun léiriú agus taibhiú a dhéanamh, mar shampla trí obair ealaíne a ullmhú le haghaidh taispeántais, dráma gearr seiftithe a chur i láthair bhaill an ranga nó damhsa nó ceol a léiriú do thuismitheoirí nó sa phobal." (Curaclam Barr Feabhais, Rialtas na hAlban, 2008, l. 60). Mar shampla, is é atá sa ráiteas "Tá ... agam" le haghaidh S4:

"Tá taithí agam ar an bhfuinneamh agus ar an gcorraitheacht a bhaineann le léiriú/taibhiú do phobail dhifriúla éisteachta."

Déantar códú breise ansin ar na ráitis do gach réimse de na hEalaíona Léiritheacha. "Trí ealaín agus dearadh, bíonn deiseanna saibhre ag scoláirí a bheith cruthaitheach agus blaiseadh den inspioráid agus den taitneamh. Fiosraíonn siad réimse leathan meáin agus teicneolaíochtaí déthoiseacha agus tríthoiseacha trí ghníomhaíochtaí praiticiúla, agus cruthaíonn siad, léiríonn siad agus cuireann siad in iúl smaointe difriúla. Cuireann a gcuid staidéir ar shaothair ealaíontóirí agus dearthóirí lena dtaitneamh agus doimhníonn sé a gcuid eolais agus tuisceana." (Curaclam Barr Feabhais, Rialtas na hAlban, 2008, l. 61)

Léiríonn an ráiteas Tá ... agam do leibhéal S4 don Ealaín agus Dearadh forbairt leanúnach an duine óig agus iad ag baint trialach as réimse meán agus teicneolaíochtaí, a dtaispeánann siad go bhfuil leibhéal cuí smachta acu orthu agus cinnteachta acu fúthu.

Is féidir leis an duine óg bunsmaointe a ghiniúint agus iad a léiriú, ag úsáid a gcuid scileanna agus a gcruthaitheacht chun eolas, mothúcháin, cáilíochtaí agus caidrimh a chur in iúl. Is féidir na smaointe seo a chur in iúl trí obair dhéthoiseach agus thríthoiseach. Léirítear an cumas sin freisin i bhfreagairt an duine óig ar threoir le haghaidh dearaidh trí réitigh shamhlaíocha agus bhunaidh a úsáid.

Tá obair thaighde tábhachtach freisin agus tá an duine óg ábalta réimse ábhar tagartha a chruthú, taifeadta agus/nó breathnaithe, is féidir a úsáid dá gcuid oibre agus i réimsí eile den churaclam chomh maith.

Beidh tuiscint ag an duine óg freisin ar theicnící, próisis agus coincheapa ealaíne agus deartha agus beidh siad ábalta iad a úsáid chun "breithiúnais eolasacha a dhéanamh agus tuairimí tomhaiste a chur in iúl faoi mo chuid oibre féin agus faoi obair daoine eile." (Curaclam Barr Feabhais, Rialtas na hAlban, 2008, l. 62)

Leabharliosta

Roinn Oideachais (1983/4). Brainse na hIar-bhunscoile, Rialacha agus Clár d'Iar-Bhunscoileanna. Baile Átha Cliath: An Oifig Stáiseanóireachta.

Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1989). Siollabas d'Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh na Sraithe Sóisearaí. Baile Átha Cliath: An Oifig Stáiseanóireachta.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2008). Ealaín, Dearadh, Ceardaíocht an Teastais Shóisearaigh Dréacht-siollabas le haghaidh Comhairliúcháin. Port Laoise: CNCM Ar fáil ag

http://www.CNCM.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Junior_Cycle/Syllabus_change/Art,_Craft,_Design/Art,_Craft,_Design.html

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2005). Athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile, Céim 1 Tuarascáil Deiridh le moltaí (Tuarascáil Taighde Uimh.8). Baile Átha Cliath: CNCM, 24 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2004). Ealaín na hArdteistiméireachta, Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal. Baile Átha Cliath: CNCM, 24 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1999). Curaclam na Bunscoile, Na hAmharc-Ealaíona. Baile Átha Cliath: An Oifig Stáiseanóireachta.

CNED foilseachán ar líne de chuid issuu ar phunann a chur isteach le fáil anseo

http://issuu.com/CNED/docs/CNED2014_15portfoliobrief

McCoy, S., Smyth, E. Banks, J. (2012). Seomra Ranga na Bunscoile: Léargais ón Staidéar Ag Fás Aníos in Éirinn. Baile Átha Cliath: an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, Cearnóg Whitaker, Cé Sir John Rogerson, Baile Átha Cliath 2

Australian Government (2014). Review of the Australian Curriculum, Final Report. Canberra: Roinn Oideachais Rialtas na hAstráile, GPO Box 9880. Ar fáil ag:

<http://www.studentsfirst.gov.au/review-australian-curriculum>

Roinn Oideachais agus Scileanna (2014). "Oideachas don Inbhuanaitheacht", An Straitéis Náisiúnta Éireannach don Oideachas um Fhorbairt Inbhuanaithe, 2014-2020. Faighte 5 Lúnasa, 2014 ó

<http://www.education.ie/en/Publications/Education-Reports/National-Strategy-on-Education-for-Sustainable-Development-in-Ireland-2014-2020.pdf>

Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus Roinn Oideachais agus Scileanna (2012). Cairt na nEalaíon san Oideachas. Faighte 7 Eanáir 2014 ó

<https://www.education.ie/en/Publications/Policy-Reports/Arts-In-Education-Charter.pdf>

Roinn Oideachais agus Scileanna, (2012). Creat don tSraith Shóisearach. Baile Átha Cliath: Roinn Oideachais agus Scileanna, Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2014). Taibhiú Ealaíne, Rannpháirtíocht sna hEalaíona (Gearrchúrsa). 2014. Faighte 1 Meán Fómhair, 2014 ó

<http://curriculumonline.ie/getmedia/c3afa023-d41d-4bdb-b396-fbf00b7458b0/11998-CNCM-JC-Short-Course-Artistic-v2.pdf>

Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha (2014). Treoirlínte le haghaidh iarratas agus punann Fóchéimí a thaisceadh. Baile Átha Cliath: CNED, 100 Sráid Thomáis, Baile Átha Cliath 8, Éire. Faighte Deireadh Fómhair 2014 ó

http://issuu.com/CNED/docs/CNED2014_15portfoliobrief

Murray, B., Tuohy, S. (2014). EUFolio, Pilot Schools Country Update, Éire, Aibreán 2014. Tuairisc neamhfhoilsithe.

Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2007). Siollabas Ghrafaic Dheartha agus Chumarsáide na hArdteistiméireachta, Gnathleibhéal agus Ardleibhéal. Baile Átha Cliath: An Oifig Stáiseanóireachta.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit (2009). Grafaic Dheartha agus Chumarsáide, Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal, Tuarascáil an Phríomhchigire. Faighte Deireadh Fómhair 1, 2014 ó

https://www.examinations.ie/archive/examiners_reports/LC_Design_and_Communication_Graphics_2009.pdf

International Baccalaureate (2014). International Baccalaureate, Clár na Meánbhlianta, Treoirleabhar Ealaíon. Doiciméad neamhfhoilsithe.

Australian Curriculum, Assessment and Reporting Authority (2013). Curaclam na hAstráile: Na hEalaíona, Bonnchéim go Bliain 10. Sydney: ACARA, Leibhéal 10, 255 Pitt Street.

Roinn Oideachais (2013). Cláir staidéir Ealaíne agus Deartha: Eochairchéim 3, Curaclam Náisiúnta Shasana. Manchain: Rannán na hAireachta agus na Cumarsáide Poiblí, Roinn Oideachais, Piccadilly Gate, Store Street, Manchain, M1 2WD. Faighte 1 Meán Fómhair ó

https://www.gov.uk/government/uploads/system/uploads/attachment_data/file/239062/SECONDARY_national_curriculum_-_Art_and_design.pdf

Roinn Oideachais (2013). Ealaín agus Dearadh inneachar ábhair TGM (dréacht). Manchain: Rannán na hAireachta agus na Cumarsáide Poiblí, Roinn Oideachais , Piccadilly Gate , Store Street, Manchain, M1 2WD. Faighte 1 Meán Fómhair ó

https://www.gov.uk/government/uploads/system/uploads/attachment_data/file/329377/Art_and_design_TGM_-_subject_content_-_final.pdf

AQA (2012). Sonraíocht TGM, Ealaín agus Dearadh. Manchain: AQA Logistics Centre (Manchain), Anonad 2, Wheel Forge Way, Ashburton Park, Trafford Park, Manchain, M17 1EH.

Rialtas na hAlban (2008) Curaclam Barr Feabhas. Livingston: Education Scotland, Denholm House, Almondvale Business Park, Almondvale Way, Livingston, EH54 6GA

Stevenson, L. M., Deasy, R. J. (2005). Third Space, when learning matters. Washington DC: Arts Education Partnership, One Massachusetts Avenue, Suite 700, Washington DC 20001-1431.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit (2007). Scrúduithe an Teastais Shóisearaigh 2007, Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh, Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal, Tuarascálacha Príomhchigirí. Faighte 10 Márta, 2014 ó

https://www.examinations.ie/archive/examiners_reports/cer_2007/jc_art_ce_report_13_march_2008.pdf

Roinn Oideachais (2013). An Curaclam Náisiúnta i Sasana, Creatdoiciméad. Manchain: Rannán na hAireachta agus na Cumarsáide Poiblí, Roinn Oideachais , Piccadilly Gate , Store Street, Manchain, M1 2WD. Faighte 1 Meán Fómhair, 2014 ó

https://www.gov.uk/government/uploads/system/uploads/attachment_data/file/210969/NC_framework_document_-_FINAL.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2007). Taighde an ESRI ar thaighde de chuid an ESRI ar thaithí scoláirí sa tríú bliain den tsraith shóisearach agus ar aistriú go dtí an tsraith shinsearach, achoimre agus tráchtareacht. Faighte 18 Lúnasa, 2014 ó

http://www.CNCM.ie/uploadedfiles/publications/ESRI_3rdYr.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2006). Tráchtareacht an CNCM ar thaighde de chuid an ESRI ar thaithí scoláirí sa dara bliain den tsraith shóisearach. Faighte Lúnasa 18, 2014 ó

<http://www.CNCM.ie/uploadedfiles/publications/CNCM%20commentary.pdf>

Doiciméad Eolais agus Coimre don Athbhreithniú ar Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh na Sraithe Sóisearaí

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2006). Conairí tríd an tSraith Shóisearach, taithí scoláirí dara bliana. Faighte 18 Lúnasa, 2014 ó

<http://www.CNCM.ie/uploadedfiles/publications/ESRI%20Summary.pdf>

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2004). Ag Aistriú Suas, taithí scoláirí na chéad bhliana in oideachas iar-bhunscoile. Faighte 18 Lúnasa, 2014 ó

<http://www.CNCM.ie/uploadedfiles/Publications/ESRIBooklet.pdf>

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2012). Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí. Faighte 10 Márta, 2014 ó

http://www.juniorycycle.ie/CNCM_JuniorCycle/media/CNCM/Documents/key_skills_oct_2012_WEB_FINAL.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta(2011). I dtreo Chreat don tSraith Shóisearach. Faighte 10 Márta, 2014 ó <http://CNCM.ie/framework/doc/CNCM-Junior-Cycle.pdf>

Winner, E., T. Goldstein agus S. Vincent-Lancrin (2013). Art for Art's Sake? Overview. Foilsithe ag an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE). Faighte 21 Márta, 2014 ó

http://www.oecd.org/edu/cei/ART%20FOR%20ART%E2%80%99S%20SAKE%20OVERVIEW_EN_R3.pdf

UNESCO (2006). Treochlár do na hEalaíona san Oideachas. Faighte 21 Márta, 2014 ó

http://www.unesco.org/new/fileadmin/MULTIMEDIA/HQ/CLT/CLT/pdf/Arts_Edu_RoadMap_en.pdf

Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1989). Treoirínte do Mhúinteoirí Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh na Sraithe Sóisearaí. Faighte 7 Eanáir, 2014 ó http://curriculumonline.ie/getmedia/40a28af3-cd50-40e1-92fd-12473216eb44/JCSEC02_artcraftdesign_guidelines.pdf

Bord Curaclaim agus Scrúduithe (1985). Na hEalaíona san Oideachas, Plépháipéar de chuid Bhord Curaclaim agus Scrúduithe. Baile Átha Cliath: CNCM, 35 Plás Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2.

Bord Curaclaim agus Scrúduithe (1987). Na hEalaíona. Baile Átha Cliath: CNCM, 35 Plás Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2.

Bord Curaclaim agus Scrúduithe (1984). Saincheisteanna agus Struchtúir san Oideachas, Doiciméad Comhairliúcháin. Baile Átha Cliath: CNCM, 35 Plás Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2.

An Aireacht Oideachais (2008). New Zealand Arts Curriculum. Faighte 21 Márta, 2014 ó <http://nzcurriculum.tki.org.nz/The-New-Zealand-Curriculum/Learning-areas/The-arts>

Doiciméad Eolais agus Coimre don Athbhreithniú ar Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh na Sraithe Sóisearaí

Roinn Oideachais agus Scileanna (2013). Scrúdú na hArdteistiméireachta 2013, Ealaín (lena n-áirítear Ceirdeanna), Tuarascáil an Phríomhchigire. Faighte 1 Deireadh Fómhair, 2014 ó

https://www.examinations.ie/archive/examiners_reports/Chief_Examiners_Report_Art_2013.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2006). Faighte 18 Lúnasa, 2014 ó

http://CNCM.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Senior_Cycle/Overview-of-Senior-Cycle/Leaving_Certificate_Applied/

